

PLEAN STRAITÉISEACH 2025-2030

www.erc.ie



Foras Taighde ar
Oideachas
Educational
Research Centre

Clár

Brollach.....	2
Réamhrá.....	6
Ár Misean, Ár bhFís agus Ár Luachanna.....	7
Comhthéacs.....	8
Ár Straitéis.....	10
Cuspóir Straitéiseach 1 – Taighde Mórtionchair.....	11
Cuspóir Straitéiseach 2 – Seirbhísí Tacaíochta Measúnaithe.....	17
Cuspóir Straitéiseach 3 – Ár nEagraíocht.....	24
Feidhmíocht agus Meastóireacht.....	31
Plean Feidhmithe: 2025-2030.....	32
Acrainmneacha & Giorrúcháin.....	36
Aguisín.....	37

Brollach

Tá oidhreacht mór le rá ag an bhForas Taighde ar Oideachais ('FTO') mar sholáthraí iontaofa na hÉireann de mheasúnuithe oideachais taighde-bhunaithe, ag freastal ar ghlúnta leanaí le nach mór 60 bliain anuas. Thar na chéad chúig scór bliain, léirigh an FTO ceannródaíocht maidir le caighdeán oideachais i scoileanna a thomhas, tástálacha caighdeánaithe a fhorbairt agus suirbhéanna náisiúnta agus idirnáisiúnta ar ghnóthachtáil scoláirí a chur i bhfeidhm. Ó ceapadh ina chomhlacht reachtúil é in 2015, dhírigh an FTO ar aistriú ó institiúid neamhspleách go comhlacht rialtais, próiseas atá curtha i gcrích den chuid is mó anois. Treoróidh an plean straitéiseach seo an FTO tríd an gcéad chéim uailmhianach fáis eile ó 2025 go 2030.

Is í an fhís atá againn ná torthaí oideachais a fheabhsú don chéad ghlúin eile foghlaimeoirí trí thacú le scoileanna, múinteoirí, tuismitheoirí agus lucht déanta polasaí tuiscint níos fearr a fháil ar conas aistir foghlama leanaí a threorú. Trí oibriú le príomhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta, tá sé mar aidhm againn cur go rímhór le pleanáil oideachais do scoláirí aonair, bonn eolais a chur faoi pholasaí oideachais náisiúnta, agus cur leis an gcorpas eolais ilréimseach san oideachas. Tugann an plean seo breac-chuntas ar ár bhfís agus ár dtosaíochtaí do na cúig bliana amach romhainn, dírithe ar aghaidh a thabhairt ar dhá phríomhdhúshlán: torthaí oideachais a fheabhsú agus cothromas a chur chun cinn, ina mbeidh taighde agus forbairt tástála téagar, fianaise-bhunaithe mar bhonn leis an dá cheann acu.

Cuid lárnach dár misean is ea measúnuithe caighdeánaithe iontaofa a sholáthar do scoileanna a chumasaíonn múinteoirí agus ceannairí scoile. Dearfar ár raon trialacha athfhorbartha chun cabhrú le múinteoirí cláir foghlama a phleanáil ar bhonn níos éifeachtaí, ag cothú forbairt shóisialta agus acadúil na scoláirí. Cuirfidh na huirlisí seo ar chumas scoileanna gníomhaíochtaí foghlama a oiriúnú do riachtanais foghlaimeoirí aonair agus cur le cáilíocht fhoriomlán na dtorthaí foghlama. Tá sé mar sprioc againn an t-eolas a sholáthraíonn ár measúnuithe a fheabhsú go leanúnach, iad a dhéanamh níos inghníomhaithe d'oideachasóirí trí raon de mheasúnuithe scaghtástála agus diagnóiseacha caighdeánaithe.

Creidimid go bhfuil measúnú éifeachtach ríthábhachtach chun cothromas agus cáilíocht a chur chun cinn san oideachas — cothromas ionas gur féidir le gach foghlaimeoir a lánacmhainneacht a bhaint amach, agus cáilíocht ionas go mbeidh a dtorthaí foghlama chomh maith agus is féidir leo a bheith. Tá an plean straitéiseach seo tiomanta do mheasúnuithe a sholáthar a fhreastalaíonn ar riachtanais scoláirí, beag beann ar chúlra socheacnamaíoch nó cultúrtha, ag cinntiú go mbíonn deis ratha ag gach scoláire. Tá sé dírithe freisin ar úsáid chomhsheasmhach a bhaint as trialacha caighdeánaithe ar fud na hÉireann chun bonnlíne iontaofa oibiachtúil a sholáthar do scoileanna ónar féidir leo tógáil.

San FTO, táimid tiomanta d'ionad oibre a chothú a mheallann agus a chothaíonn acadóirí den scoth i dtaighde agus i dtomhas oideachais. Trí thosaíocht a thabhairt d'fholláine agus d'fhorbairt ghairmiúil ár bhfoirne, tá sé mar aidhm againn a bheith mar an rogha fostóra dóibh siúd a bhfuil dúshuim acu i dtaighde ceannródaíoch a mbíonn tionchar bríoch aige ar oideachas. Tabharfar faoi dhaoine a earcú atá tiomanta don fhoghlaim leanúnach, cibé acu trí fhéinstaidéar, meantóireacht nó breisoideachas, agus a roinneann ár dtiomantas tuiscint a fheabhsú ar an gcaoi ina bhfoghlaimíonn scoláirí.

Ag féachaint chun cinn, tuigimid go gcruthóidh dul chun cinn teicneolaíochta, go háirithe in intleacht shaorga agus anailísíocht sonraí, deiseanna agus dúshlán i dtaighde agus i measúnú oideachais. Táimid tiomanta a chinntiú go bhfuil ár dtaighdeoirí ullamh chun fáiltiú roimh na teicneolaíochtaí seo atá ag teacht chun cinn. Trí chomhpháirtíochtaí láidre a chothú leis an Roinn Oideachais agus le príomhpháirtithe

leasmhara oideachais eile in Éirinn agus níos faide i gcéin, tá sé mar aidhm againn oibriú i gcomhar le chéile chun uirlisí agus cuir chuige feabhsaithe measúnaithe a fhorbairt.

Tá an FTO tiomanta do bhunathrú san oideachas a thiomáint trí thaighde agus forbairt chríochnúil. Tabharfar tosaíocht dár ngníomhaíochtaí taighde de réir spriocanna an phlean straitéisigh seo agus déanfar iad a chomhordú chun torthaí a sheachadadh go héifeachtach agus go tráthúil. Tá sé mar aidhm ag an bplean seo freisin fáil níos éasca a bheith ag an bpobal acadúil agus ag an mórphobal araon ar ár dtaighde oideachasúil agus cur lenár n-ardáin chumarsáide, lena n-áirítear ár suíomh gréasáin. Is é an sprioc atá againn a chinntiú go gcuidíonn torthaí measúnaithe le múinteoirí agus le tuismitheoirí tuiscint níos fearr a fháil ar ghnóthachtálacha agus riachtanais foghlama scoláirí.

Is í an fhís atá againn a bheith mar phríomhfhórsa i múnú cleachtais oideachais fianaise-bhunaithe, bonn eolais a sholáthar do chinntí polasaí, agus tacú le scoileanna agus oideachasóirí in Éirinn agus ar fud an domhain araon. Trí chuspóirí ár bplean straitéiseach 2025-2030, táimid tiomanta do thionchar buan a bheith againn ar an oideachas agus torthaí a fheabhsú do gach foghlaiméir.

Éamonn Ó Muircheartaigh
Éamonn Ó Muircheartaigh, Cathaoirleach

Tá sé de phribhléid agam Plean Straitéiseach an FTO do 2025-2030 a chur i láthair, treoirphlean a threorídh sinn tríd an gcéad chéim fáis, nuálaíochta agus tionchair eile i réimsí oideachais agus taighde in Éirinn. Tógann an plean seo ar stair an FTO le nach mór 60 bliain anuas maidir le léargais taighde-bhunaithe ar fhianaise agus seirbhísí tacaíochta measúnaithe ar ardchaighdeán a sholáthar a éascaíonn feabhsú cleachtais agus polasaí oideachais.

Ag féachaint romhainn, táimid tiomanta dár ról mar chomhpháirtí aitheanta iontaofa a leathnú chuig páirtithe leasmhara uile an oideachais – ó lucht déanta polasaí sa Roinn Oideachais agus oideachasóirí go scoláirí agus a dteaghlach.

Sa phlean straitéiseach seo, leagtar amach fíis ní hamháin chun ról an FTO a chothú ach chun cur leis an ról freisin. Tá sé mar aidhm againn níos mó a dhéanamh, tuilleadh rannpháirtíochta a bheith againn, agus an tionchar a bhíonn ag ár gcuid oibre a neartú. Tá ár spriocanna cúig bliana uailmhianach, mar is ceart. Tá siad deartha chun an FTO a lonnú mar cheannródaí i dtaighde oideachais, agus ag an am céanna tacaíocht chuimsitheach a sholáthar do phobal oideachais na hÉireann le léargais inghníomhaithe agus seirbhísí tacaíochta measúnaithe nuálacha.

Ar ndóigh, ní fhéadfaí aon cheann díobh seo a bhaint amach gan tiomantas agus saineolas na foirne ardinniúla san FTO. Ba mhaith liom mo mhórbhuíochas a ghabháil lenár dtaighdeoirí agus lenár bhfoireann chorparáideach/tacaíochta, le Bord an FTO, le comhghleacaithe sa Roinn Oideachais agus lenár bpríomhpháirtithe leasmhara a raibh a gcomhoibriú agus a dtiomantas lárnach i múnú an phlean straitéisigh seo. Is trína gcomhiarrachtaí a sháróimid na dúshláin atá romhainn agus a rachaimid i bhfeidhm go buan ar chóras oideachais na hÉireann.

Táimid dóchasach agus diongbháilte agus sinn ag breathnú chun cinn. Tréimhse fáis, nuálaíochta agus forbartha a bheidh sna cúig bliana amach romhainn. I dteannta a chéile, beimid ag cinntiú i gcónaí go

bhfeidhmíonn an FTO mar bhunchloch sármhaitheasa i dtaighde oideachais, ag cur i ndeireadh báire le feabhsú na n-eispéireas foghlama do gach scoláire in Éirinn.

Táim ag tnúth leis an méid a éireoidh linn a bhaint amach le chéile.

John Regan

Dr John Regan, Príomhfheidhmeannach

Forléargas

Ár Misean

Torthaí foghlama a fheabhsú do gach scoláire trí thaighde ardcháilíochta a dhéanamh agus trí uirlisí measúnaithe éifeachtacha a fhorbairt a thacóidh le foghlaim níos fearr agus a bheidh mar bhonn eolais do pholasaí.

Ár bhFís

Torthaí oideachais a bharrfheabhsú don chead ghluin eile trí thacú le scoileanna, múinteoirí, tuismitheoirí agus an uile dhuine a bhfuil baint acu le forbairt polasaí/curaclaim chun an turas foghlama a thuiscint agus a threorú níos fearr.



Ár Luachanna

Cáilíocht - Táimid tiomanta do shármhaitheas. Cinntimid go bhfuil ár dtaighde críochnúil, cruinn agus iontaofa.

Tionchar - Tá sé mar aidhm againn difríocht mhór a dhéanamh lenár dtaighde. Teastaíonn uainn go dtacóidh ár gcuid oibre le lucht déanta polasaí agus go mbeidh sé mar bhonn eolais do dhíospóireacht phoiblí.

Neamhspleáchas - Déanaimid taighde agus tuairiscímid torthaí go hionraic, go neamhchlaonta, agus gan tionchar míchuí, ag cinntiú creidiúnacht agus iontaofacht ár gcuid oibre.

Meas - Tá meas againn ar dhearcthaí, ar chultúir agus ar chúlraí éagsúla, agus léirimid dínit, cineáltas agus tuiscint don uile dhuine i dtimpeallacht chuimsitheach agus ómósach.

Obair Bhuíne - Comhoibrímid le daoine eile, ag cothú cultúr cumarsáide oscailte agus comhthacaíochta inár gcuid oibre.

Réamhrá

Is institiúid taighde poiblí é an Foras Taighde ar Oideachas ('FTO') atá tiomanta do thaighde oideachais a chur chun cinn agus bonn eolais a chur faoi pholasaí a fheabhsaíonn cáilíocht agus cothromas an oideachais in Éirinn.

Bunaíodh an FTO ar dtús sa bhliain 1966 i gColáiste Phádraig (cuid d'Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath anois), Droim Conrach. I mí Mheán Fómhair 2015, bunaíodh an FTO mar chomhlacht reachtúil ainmnithe de chuid na Roinne Oideachais faoi Alt 54 den Acht Oideachais (1998). Maoinítear an FTO trí dheontas ón Roinn Oideachais agus trí thrialacha caighdeánaithe a sholáthar do scoileanna.

Leagann an plean straitéiseach seo amach misean agus spriocanna an FTO don chéad chúig bliana eile, agus é mar aidhm aige taighde oideachasúil téagar a dhéanamh chun tacaíochtaí measúnaithe iontaofa a fhorbairt do scoileanna agus léargais ardcháilíochta, ardhionchair a chur ar fáil a chabhróidh bonn eolais a sholáthar do pholasaí agus cleachtas oideachais agus iad a mhúnlú.

Tá an plean straitéiseach seo múnlaíthe ag raon leathan polasaithe agus pleananna rialtais, amhail Clár an Rialtas, Ráiteas Straitéise na Roinne Oideachais agus *Forbairt* (Ráiteas Bliantúil um Thosaíochtaí na Roinne Oideachais), chomh maith le tosaíochtaí agus polasaithe náisiúnta atá ag teacht chun cinn maidir le hathchóiriú agus nuachóiriú na Seirbhíse Poiblí.

Tá ár bplean straitéiseach agus ár ngníomhartha ailínithe leis na straitéisí agus na doiciméid pholasaithe éagsúla atá leagtha síos ag an Roinn Oideachais, lena n-áirítear an Ráiteas Straitéise 2023-2025, an Straitéis Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití 2024-2033, an Straitéis Dhigiteach do Scoileanna go dtí 2027, *Forbairt*, an Straitéis Oideachais don Lucht Siúil agus na Romach 2024-2030 de chuid an ECFE, athbhreithniú an ECFE ar an gclár Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna (DEIS) agus polasaithe éagsúla ar oideachas trí mheán na Gaeilge. I roinnt de na doiciméid seo, déantar tagairt d'obair an FTO thar na 5 bliana atá le teacht.

Ár ról & ár struchtúr

Tá feidhm na heagraíochta leagtha amach i reachtaíocht bhunaithe an FTO (SI 392/2015), mar seo a leanas:

- a) Seirbhís tacaíochta measúnaithe a sholáthar do scoileanna agus do lárionaid oideachais a chuirfidh ar a gcumas a n-oibleagáidí faoi Alt 9 den Acht Oideachais 1988 a chomhlíonadh; agus
- b) Taighde neamhspleách a dhéanamh ar gach gné den oideachas agus ar gach leibhéal den chóras oideachais lena n-áirítear taighde oideachais a bheidh mar bhonn eolais do cheapadh polasaí agus d'fheabhsú na gcaighdeán oideachais.

De réir alt 12 den Ordú Bunaithe IR uimh. 392 de 2015, ceapann an tAire Oideachais cúigear comhaltáí neamhspleácha neamhfheidhmiúcháin ar Bhord an FTO. Tá Bord an FTO freagrach as treo straitéiseach, maoirseacht agus rialachas an FTO. Mar chomhlacht earnála poiblí, tá na socruithe rialachais don FTO leagtha amach san *Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)* agus i reachtaíocht bhunaíochta an FTO.

Fágann an Bord freagracht oibriúcháin as reáchtáil laethúil an FTO faoin bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus faoi fhoireann taighdeoirí, oibrithithe agus gairmithe corparáideacha an FTO. Cuireann an POF tuarascálacha rialta ar fáil don Bhord agus coinníonn sé an Bord ar an eolas faoi shaincheisteacha straitéiseacha agus athruithe a bhfuil tionchar acu ar an FTO agus ar an timpeallacht ina bhfeidhmíonn sé.

Ár Misean, Ár bhFís agus Ár Luachanna

Ár misean

Is é Misean an FTO ná **torthaí foghlama a fheabhsú do gach scoláire trí thaighde ardcháilíochta a dhéanamh agus trí uirlisí measúnaithe éifeachtacha a fhorbairt a thacóidh le foghlaim níos fearr agus a bheidh mar bhonn eolais do pholasaí.**

Mar ráiteas bunúsach, féachann ár misean le tiomantas an FTO do thaighde a léiriú, eolas a chur chun cinn, agus léargais a sholáthar a éascaíonn feabhsú cleachtais agus polasaithe oideachais.

Ár bhfís

Is í ár bhfís ná, agus sinn ag oibriú i gcomhpháirt leis an Roinn Oideachais agus le príomhpháirtithe leasmhara náisiúnta agus idirnáisiúnta, ná **torthaí oideachais a bharrfheabhsú don chead ghlúin eile trí thacú le scoileanna, múinteoirí, tuismitheoirí agus an uile dhuine a bhfuil baint acu le forbairt polasaí/curaclaim chun an turas foghlama a thuiscint agus a threorú níos fearr.**

Inár bhfís, aithnítear an FTO mar ghuth údarásach ar ghnóthachtáil scoláirí agus ar thaighde oideachais.

Ár luachanna

Tá sé tábhachtach go mbeadh muintín ag ár Roinn maoinithe agus ag ár bpáirtithe leasmhara as ár gcumas ár gcuid oibre a dhéanamh agus na leibhéil is airde ionracais agus oibiachtúlachta a choinneáil. Cuireann ár luachanna ar chumas páirtithe leasmhara an muintín seo a bheith acu. Le chéile, treoraíonn na luachanna seo an FTO chun a misean a chomhlíonadh ar mhaithe le scoláirí, oideachasóirí, agus an earnáil oideachais i gcoitinne. Tá na luachanna seo a leanas aitheanta againn a threoróidh ár gcuid oibre thar thréimhse na straitéise seo:

Cáilíocht - Táimid tiomanta do shármhaitheas. Cinntimid go bhfuil ár dtaighde críochnúil, cruinn agus iontaofa.

Tionchar - Tá sé mar aidhm againn difríocht mhór a dhéanamh lenár dtaighde. Teastaíonn uainn go dtacóidh ár gcuid oibre le lucht déanta polasaí agus go mbeidh sé mar bhonn eolais do dhíospóireacht phoiblí.


Neamhspleáchas - Déanaimid taighde agus tuairiscímid torthaí go hionraic, go neamhchlaonta, agus gan tionchar míchuí, ag cinntiú creidiúnacht agus iontaofacht ár gcuid oibre.

Meas – Tá meas againn ar dhearcthaí, ar chultúir agus ar chúlraí éagsúla, agus léirímid dínit, cineáltas agus tuiscint don uile dhuine i dtimpeallacht chuimsitheach agus ómósach.

Obair bhuíne - Comhoibrímid le daoine eile, ag cothú cultúr cumarsáide oscailte agus comhthacaíochta inár gcuid oibre.

Comhthéacs

Agus plan straitéiseach á dhearadh don FTO, tá sé ríthábhachtach an comhthéacs ina bhfeidhmíonn an Foras a thuiscint. Tá an tírdhreach oideachasúil de shíor ag athrú agus tá dúshláin agus deiseanna nua ag teacht chun cinn, lena n-áirítear dul chun cinn teicneolaíochta, athruithe polasaithe agus athruithe ar riachtanais na sochaí. Chun a chinntiú go bhfuil treo straitéiseach an FTO freagrúil agus ag breathnú chun cinn, cuireadh san áireamh na tosca agus na forbairtí iomadúla féideartha a chruthóidh an timpeallacht ina mbeidh an FTO ag feidhmiú sna blianta amach romhainn. Trí na tosca seo a aithint, is féidir leis an FTO straitéis a fhorbairt atá freagrúil, ábhartha agus fadbhreathnaitheach.



Ár bPáirtithe Leasmhara

Feidhmíonn an FTO mar chuid de líonra páirtithe leasmhara éagsúla a chuireann le, agus a bhaineann leas as, a ghníomhaíochtaí taighde. Cinntíonn tuiscint agus teagmháil lenár bpáirtithe leasmhara go bhfuil an taighde a dhéantar ábhartha, cuimsitheach agus tairbheach don phobal oideachais i gcoitinne. Tá sé mar aidhm ag an FTO freastal ar riachtanais na bpríomhpháirtithe leasmhara trí mheasúnuithe agus taighde tráthúil ábhartha a sheachadadh, a chuirtear in iúl go soiléir ar bhealach a chruthaíonn bonn eolais agus a éascaíonn gníomhaíocht chun oideachas leanáí agus daoine óga a fheabhsú.

Is comhlacht poiblí é an FTO, faoi choimirce na Roinne Oideachais. Mar phríomhdhéantóir polasaí san earnáil agus mar mhaoinitheoir an FTO, shocraigh an tAire Oideachais agus a Roinn an creat polasaí ina bhfeidhmíonn an FTO. Tá comhlachtaí eile faoi choimirce na Roinne (lena n-áirítear an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, an Chomhairle Mhúinteoireachta, an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus Coimisiún na Scrúduithe Stáit) agus iad siúd a bhfuil baint acu le cruthú agus múnú polasaí oideachais agus an curaclam, ina gcomhpháirtithe tábhachtacha i dtionscadail taighde an FTO. Ina theannta sin, is príomhpháirtithe leasmhara iad siúd a bhfuil baint acu leis an teagasc (m.sh. oideachasóirí, múinteoirí agus ceannairí scoile), iad siúd atá ag foghlaim (m.sh. scoláirí) agus a dtuismitheoirí/caomhnóirí, agus iad siúd a bhfuil baint acu le monatóireacht agus meastóireacht an chórais oideachais (m.sh. ár bhfoireann agus taighdeoirí eile) nuair a bhíonn ár dtionscadail taighde agus ár seirbhísí tacaíochta measúnaithe á seachadadh.

Thar thréimhse na Straitéise seo, beimid i dteagmháil go gníomhach leis an Roinn Oideachais agus lenár bpáirtithe leasmhara chun a riachtanais agus a ndúshlán oideachais atá ag athrú a thuiscint agus iarracht a dhéanamh freagairt dóibh. Tagann léargais luachmhara, acmhainní agus tacaíocht ónár bpáirtithe leasmhara a chuireann le cumais agus tionchar taighde an FTO. Tuigimid freisin a thábhachtaí atá comhoibriú an FTO le páirtithe leasmhara náisiúnta agus idirnáisiúnta i dtaighde oideachais agus i bhforbairt trialacha caighdeánaithe. Trí chaidrimh láidre, comhoibríthe taighde agus cumarsáid éifeachtach a chothú leis na páirtithe leasmhara go léir, cinntíonn an FTO go bhfuil a thaighde ábhartha, praiticiúil agus tairbheach don phobal oideachais i gcoitinne.

Ionracas Taighde

Tá sláine ár dtaighde agus ár dtaighdeoirí ríthábhachtach chun na leibhéil is airde oibiachtúlachta agus cáilíochta a choinneáil. Bainimid úsáid i gcónaí as modheolaíochtaí agus teicníochtaí taighde dea-chleachtais agus fianaise-bhunaithe.

Cuireann an FTO timpeallacht thacúil ar fáil ina bhfiosraíonn taighdeoirí topaicí, modheolaíochtaí agus cuir chuige éagsúla chun aghaidh a thabhairt ar a spriocanna taighde tosaíochta. Tacaímid lenár bhfoireann coinneáil suas chun dáta le forbairtí i réimse taighde oideachais agus réimsí gaolmhara, agus fiosrúcháin a dhéanamh chun sochair leasa an phobail agus saoirse tuairimíochta, ag cothú timpeallacht ina léirítear meas ar dhearchtaí éagsúla, agus ina dtugtar tosaíocht d'fhiosrúchán beacht.


Tá sé ríthábhachtach go gcreideann ár bpáirtithe leasmhara gur mar thoradh ar iniúchadh inchreidte agus téagar ár dtaighdeoirí a eascraíonn ár dtorthaí, cibé acu as taighde coimisiúnaithe nó taighde arna thionscnamh ag an FTO. Bíonn tionscadail taighde san FTO faoi réir rialú diancháilíochta i gcónaí agus bíonn sé mar aidhm acu cloí leis na caighdeáin is airde scoláireachta agus ionracais acadúla.

Tá an FTO tiomanta d'iompar eiticiúil a chinntiú ina thaighde agus cearta, dínit, rúndacht agus leas rannpháirtithe taighde (scoláirí, tuismitheoirí/caomhnóirí agus múinteoirí) a chosaint. Bíonn baill foirne an FTO i gcónaí faoi réir Chód Iompair an FTO d'Fhostaithe.

Ár Straitéis

Tá ár Straitéis bunaithe ar ár sainordú reachtaíochta, ár dtuiscint ar na príomhthreochtaí agus na príomhdhúshláin atá roimh na hearnálacha oideachais agus taighde, agus ár rannpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara sna hearnálacha seo. Tá Straitéis cúig bliana glactha againn don tréimhse 2025-2030.

Léiríonn ár Straitéis an dá phríomhchuspóir atá ag an FTO – taighde éifeachtúil a tháirgeadh agus seirbhísí tacaíochta measúnaithe a sholáthar do scoileanna in Éirinn. Chun na cuspóirí sin a bhaint amach ní mór dár n-eagraíocht a bheith oiriúnach don fheidhm agus a bheith rannpháirteach go réamhghníomhach lenár bpáirtithe leasmhara. Tá ár luachanna agus ár gcomhthéacs mar bhonn lenár ngníomhaíochtaí. Gabhtar na comhpháirteanna seo inár gCreat Straitéiseach, atá léirithe thíos.



Cuspóir Straitéiseach 1 – Taighde Mórthionchair

Cuspóir	Taighde ardchaighdeán, fianaise-bhunaithe a mbíonn tionchar aige ar pholasaí, ar chleachtas agus ar chinnteoireacht san oideachas a sheachadadh go héifeachtach
Spriocanna	<p>Straitéis Taighde – clár taighde spriocdhírthe a fhorbairt agus a chur i gcrích óna dtiocfaidh dul chun cinn suntasach in eolas agus léargas atá ábhartha dár bpáirtithe leasmhara</p> <p>Oibríochtaí Taighde – barr feabhais a bhaint amach i dtionscadail taighde éifeachtacha agus nuálacha a thiomáineann taighde a mbíonn tionchar aige</p> <p>Modheolaíochtaí agus Anailís Taighde – barrchleachtas a fheidhmiú i modhanna taighde, cuir chuige anailíse agus úsáid sonraí.</p>

Straitéis Taighde agus Plean Oibre

Chun taighde ardcháilíochta mórthionchair atá ábhartha do riachtanais ár bpáirtithe leasmhara a sheachadadh, tuigimid go bhfuil sé ríthábhachtach go mbeadh réimsí iniúchadh taighde ag teacht le sraith cuspóirí taighde comhaontaithe, atá comhsheasmhach le ról an FTO, freagrúil don timpeallacht sheachtrach atá ag athrú, agus ailínithe le creataí polasaithe oideachais. Is é sprioc an FTO **clár taighde spriocdhírthe a fhorbairt agus a chur i gcrích as a dtiocfaidh dul chun cinn suntasach in eolas agus léargas atá ábhartha dár bpáirtithe leasmhara.**

In R4 2025 foilseofar straitéis taighde meántéarmach a chlúdóidh snáitheanna taighde éagsúla an FTO. Sa straitéis beidh tosaíocht ag cuspóirí soiléire do chlár oibre taighde an FTO, ailínithe le scileanna agus acmhainní an FTO, a chinntíonn go leanfar go tréan ar thóir eolais agus léargais mhórthionchair trí mhodheolaíochtaí taighde nuálacha. Beidh cruinnithe rialta ag an FTO freisin le hAonad Taighde na Roinne Oideachais chun a chinntiú go bhfuil clár oibre taighde an FTO ag teacht le riachtanais agus tosaíochtaí taighde rannóga éagsúla na Roinne, le modheolaíochtaí taighde oiriúnacha agus leis an acmhainn taighde atá ar fáil san FTO.

Tacaíonn an FTO leis an Roinn Oideachais freisin trí rannpháirtíocht i roinnt coistí agus grúpaí stiúrtha chun tacú le taighde, sonraí agus fianaise a fhí isteach i bpolasaí oideachais. Tá an FTO ina bhall de *Ghrúpa Stiúrtha um Thaighde, Polasaí agus Cleachtais* na Roinne (GSTPC), a bunaíodh go luath in 2023, agus é mar aidhm aige taighde, sonraí agus fianaise a chomhtháthú níos fearr i ndearadh, i gcur i bhfeidhm agus i measúnú polasaí. Tá sé de chúram ar an RPPSG a chinntiú go mbíonn bonn láidir fianaise ag forbairt polasaí oideachais in Éirinn, go mbíonn sé spriocdhírthe ar thorthaí, agus go dtugtar aird ar na cleachtais idirnáisiúnta is fearr.

Sna cúig bliana amach romhainn tabharfaidh an FTO faoi roinnt príomhthionscadal taighde thar ceann na Roinne Oideachais, lena n-áirítear measúnuithe náisiúnta agus idirnáisiúnta ar mhórcála, forbairt trialacha caighdeánaithe, staidéir mheastóireachta clár éagsúla agus tacaíocht samhaltaithe sonraí don Roinn Oideachais. Ina theannta sin, faoi réir acmhainní agus laistigh de phlean oibre comhaontaithe leis an Roinn Oideachais, tabharfaidh an FTO faoi thionscadail taighde thar ceann comhlachtaí poiblí eile nó as a stuaim

féin. Foilseoidh an FTO freisin irisleabhar piarmheasúnaithe oscailte an FTO – an *Irish Journal of Education*.

Measúnuithe ar Mhórscála

Glacann Éire páirt i Staidéar Idirnáisiúnta ar Dhul Chun Cinn sa Litearthacht Léitheoireachta (PIRLS) (Rang a Ceathair) an IEA, Clár um Measúnaithe Idirnáisiúnta Scoláirí (PISA) (15 bliana d’aois) an ECFE, agus Treochtaí i Staidéir Idirnáisiúnta Matamaitice agus Eolaíochta (TIMSS) (Rang a Ceathair agus an Dara Bliain) an IEA. In Éirinn, tá an FTO freagrach as maoirseacht, riarachán, bainistiú agus tuairisciú na staidéar seo, trí ghníomhú mar Lárionad Náisiúnta Staidéir agus trí ionadaí boird rialaithe a sholáthar.

Bainistíonn an FTO freisin na Measúnuithe Náisiúnta ar léitheoireacht na Matamaitice agus an Bhéarla (NAMER) ar dhaltáí Rang a Dó agus a Sé.

De ghnáth déantar na measúnuithe mórscála seo ar thimthriallta 4-5 bliana. Cé nach ionann na staidéir ó thaobh amlínte forbartha agus tuairiscithe, bíonn 5 bliana i gceist de ghnáth chun timthriall measúnaithe a chur i gcrích, ag brath ar leibhéal forbartha an chreata, an t-am atá de dhíth chun mír tástála a thuairisciú nó a fhorbairt. Thar thréimhse na straitéise seo, táthar ag súil go dtarlóidh na measúnuithe seo a leanas¹:

	2025	2026	2027	2028	2029	2030
PISA 2022	Tuairisciú Téamach					
PISA 2025	Obair Allamuigh	Anailís & Tuairisciú	Tuairisciú Téamach			
PISA 2029		Tús na hoibre	Ullmhú an tSuirbhé	Treoir-thionscadal	Obair Allamuigh	Anailís & Tuairisciú
PIRLS 2026	Treoir-thionscadal	Obair Allamuigh	Anailís & Tuairisciú	Tuairisciú Téamach		
TIMSS 2023	Tuairisciú Téamach					
TIMSS 2027	Tús na hoibre	Treoir-thionscadal	Obair Allamuigh	Anailís & Tuairisciú	Tuairisciú Téamach	
NAMER 2028	Tús na hoibre	Dearadh an tSuirbhé	Treoir-thionscadal	Obair Allamuigh	Anailís & Tuairisciú	Tuairisciú Téamach

Measúnuithe Clár

Ag croílár phróiseas meastóireachta an FTO tá cur i bhfeidhm modhanna taighde cainníochtúla agus cáilíochtúla araon chun torthaí agus tionchair clár a mheas, agus léargais shaibhre comhthéacsúla a bhailiú ar eispéiris scoláirí, foirne scoile agus tuismitheoirí/gcaomhnóirí. Cuireann na gnéithe seo le chéile ar chumas an FTO meastóireachtaí críochnúla, léirsteanach agus inghníomhaithe a sholáthar a thacaíonn go rímhór le cleachtais agus torthaí oideachais a chur chun cinn.

¹ Sa Straitéis Dhigiteach do Scoileanna go dtí 2027, luaitear go bhfuil an Roinn Oideachais ag smaoineamh ar a bheith rannpháirteach sa Staidéar Idirnáisiúnta ar Litearthacht Ríomhaireachta agus Faisnéise (ICILS) in 2028.

Tá an FTO gafa le fada le hobair ar mhíbhuntáiste oideachais agus cuimsiú sóisialta. Tugann athbhreithniú 2024 an ECFE ar DEIS (Comhionannas Deiseanna a Sheachadadh i Scoileanna) anailís neamhspleách chun tacú leis an Roinn Oideachais bealaí a aithint chun na hacmhainní agus na tacaíochtaí a chuirtear ar fáil do dhaltáí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais a neartú. Baineadh an-leas san athbhreithniú ar aschuir thaighde an FTO, agus tugadh suntas don saineolas láidir atá ag Éirinn maidir le monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar chlár DEIS agus an ról lárnach atá ag an FTO sa sruth oibre seo. Tá an FTO den tuairim go leanfar lena ról meastóireachta agus monatóireachta ar chlár ar nós DEIS thar thréimhse na straitéise seo.

Tá an FTO ag obair leis an Roinn Oideachais chun meastóireacht ilbhliantúil ar an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta a chur i bhfeidhm, agus táthar ag súil go dtabharfar é seo chun críche go luath in 2025. Thar thréimhse na straitéise seo, beidh an FTO ag tacú leis an Roinn Oideachais ar mheastóireacht chomhchosúil ar idirghabhálacha polasaithe don oideachas trí mheán na Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht.

Samhaltú Sonraí & Anailísíocht

Sa bhreis ar na meastóireachtaí thuas, cuireann an FTO tacaíocht ar fáil don Roinn Oideachais maidir le hanailís agus samhaltú sonraí do chlár ar leith. Áirítear leis seo ríomh ar Mhúnla Leithdháilte Múinteoirí Oideachais Speisialta (MOS) ag leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile. Aithníodh in athbhreithniú ar Shamhail Leithdháilte MOS go bhfuil gá le clár forbartha leanúnaí lena chinntiú go bhfuil an tsamhail á seachadadh go héifeachtach. Déantar leithdháilte athbhreithnithe ar an tsamhail go bliantúil de réir Chiorcláin [0002/2024](#) agus [0003/2024](#). Creideann an FTO go gcruthóidh a rannpháirtíocht leanúnach, thar thréimhse an Phlean Straitéisigh seo, bonn eolais don uasdátú agus don athbhreithniú ar Shamhail Leithdháilte MOS amach anseo.

Taighde arna Thionscnamh go Neamhspleách

De réir na bpleananna oibre a comhaontaíodh leis an Roinn Oideachais, soláthraíonn taighdeoirí FTO páipéir thaighde go rialta ar raon ábhar oideachais d'irisí acadúla, comhdhálacha agus ceardlanna forbartha gairmiúla. De ghnáth, déantar iniúchadh sna páipéir seo ar thopaicí a bhíonn mar chuid de thionscadail taighde leanúnacha. Tacaíonn an FTO lena fhoireann freisin chun tabhairt faoi chúrsaí taighde iarchéime, lena n-áirítear staidéir PhD.

Ina leithéid de thaighde, cothaítear forbairt ghairmiúil ár dtaighdeoirí agus próifíl an FTO ina lárionad sármhaitheasa i réimse taighde ar oideachas go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta trí thaighde dá leithéid a dhéanamh. D'fhéadfadh deiseanna eascairt mar thoradh ar thaighde dá leithéid chun comhoibriú le taighdeoirí eile, léargais a fháil ó chriticí, líonrú le daoine gairmiúla eile, agus páirt a ghlacadh in idirphlé léannta. D'fhéadfadh na hidirghníomhaíochtaí seo smaointe taighde nua a spreagadh freisin agus infheictheacht agus tionchar oibre an FTO a fheabhsú.

Oibríochtaí Taighde

De ghnáth, tionscadail taighde ilbhliantúla a bhíonn idir lámha ag an FTO, ina mbíonn taighdeoirí, foireann oibríochtaí, grúpaí comhairleacha agus comhoibrithe páirteach. Chun a mhisean a chomhlíonadh, tá sé mar sprioc ag an FTO **barr feabhais a bhaint amach i dtionscadail taighde éifeachtacha agus nuálacha a thiomáineann taighde a mbíonn tionchar aige** de réir ionchais na bpáirtithe leasmhara.

Digiteach ar dTús

Is éard atá i gceist le cur chuige Digiteach ar dTús a ghlacadh i leith taighde ná tosaíocht a thabhairt d'uirlisí digiteacha, do theicneolaíochtaí agus do mhodheolaíochtaí ar fud an phróisis taighde chun éifeachtacht, inrochtaineacht agus comhoibriú a fheabhsú, agus sláine agus slándáil sonraí a chinntiú. Thar thréimhse na straitéise seo, tabharfaidh an FTO faoi roinnt gníomhaíochtaí, ina measc:

- **Comhoibriú Tionscadail** – leathnófar an úsáid a bhaintear as uirlisí digiteacha chun comhoibriú, spásanna oibre digiteacha agus bainistíocht tionscadail a fheabhsú i measc fhoireann an FTO agus comhoibrithe seachtracha.
- **Bailiú Sonraí Digiteach** - nuair is féidir, úsáidfeadh tionscadail taighde measúnuithe agus ceistneoirí ríomhaire-bhunaithe. Cuirfeadh tacaíochtaí ar fáil do scoileanna chun rannpháirtíocht i dtionscadail dá leithéid a cheadú.
- **Anailísíocht agus Léargais** - Úsáidfeadh uirlisí agus bogearraí anailíse chun anailís a dhéanamh ar shonraí, léirshamhlú agus léirmhíniú, a cheadóidh ardanailís staidrimh, anailísíocht thuarthach agus tógáil samhlacha.
- **Foilsíú Taighde ar Líne** – Foilseofar torthaí taighde ar ár suíomh gréasáin agus in irisí acadúla, le hirísí ina mbíonn fáil de rogha ar fhoilsitheoireacht oscailte nuair is féidir.
- **Irish Journal of Education (IJE)** – foilseofar an IJE mar iris dhigiteach rochtain-oscailte.

Má ghlactar le cur chuige digiteach ar dtús i leith taighde, déanfar an próiseas taighde a chuíchóiriú, breiseofar comhoibriú agus feabhsófar próisis bhainistíochta sonraí san FTO. Trí ghlacadh go fonnmar leis an gcur chuige seo, tá sé mar aidhm ag an bhForas a chinntiú go mbíonn a thaighde ábhartha agus freagrúil i gcónaí i ndomhan atá ag éirí níos digiteach.

Cumarsáid Dhigiteach

In R1 2025 seolfaimid nuachtlitir FTO chun páirtithe leasmhara a choinneáil ar an eolas faoi fhoilseacháin taighde, tionscadail leanúnacha i scoileanna agus tástáil chaighdeánaithe. Díreofar an nuachtlitir dhébhliantúil seo ar lucht déanta polasaí agus comhoibrithe ar dtús agus beidh sé i gceist infheictheacht an FTO a mhéadú agus feachtas a ardú ar obair na heagraíochta.

Chun tacú le scoileanna, le tuismitheoirí agus le scoláirí tuiscint níos fearr a fháil ar ár gcuid oibre, leathnófar úsáid na meáin shóisialta ag an FTO chun bheith gafa, léargais a roinnt agus taighde casta a chur in iúl ar bhealach atá intuigthe agus inghníomhaithe. Cinnteofar, laistigh de mhí amháin tar éis a fhoilsithe, go gcuirfeadh torthaí agus léargais mhórthionscadail taighde an FTO in iúl i bhformáid inrochtana.

Bainistíocht Taighde, Oibríochtaí agus Lóistíocht

Chun tacú lenár dtaighdeoirí i riar agus i mbainistiú tionscadal taighde, bunóidh an FTO Aonad Oibríochtaí Taighde tiomnaithe in 2025. Beidh foireann lóistíochta, cosanta sonraí agus oibríochtaí san Aonad. Ag obair leis an gCeann Taighde, taighdeoirí sinsearach agus foireann chorparáideach, forbróidh an tAonad Oibríochtaí Taighde cur chuige straitéiseach i leith oibríochtaí taighde an FTO, lena n-áirítear pleanáil tionscadal trasfheidhmeach, athbhreithnithe ráithiúla i gcoinne amlínite pleanáilte, monatóireacht, oiriúnú agus athbhreithnithe iarthionscadail.

Sonraí Oscailte agus Comhroinnt Sonraí

Thar thréimhse na straitéise seo, cuirfidh an FTO straitéisí láidre sonraí i bhfeidhm chun faisnéis íogair a chosaint agus chun sláine, rúndacht agus bainistíocht cheart na sonraí a chinntiú. Mar aon le hoiliúint rialta ar chosaint sonraí don fhoireann, déanfar na polasaithe agus na treoirlínte sonraí go léir a athbhreithniú go bliantúil chun a chinntiú go bhfeidhmíonn an FTO laistigh den chreat dlíthiúil agus go gcosnaítear é i gcoinne sárúithe sonraí agus bagairtí cibearshlándála.

Tá sé mar aidhm ag an Acht um Chomhroinnt Sonraí agus Rialachas 2019 seirbhísí poiblí éifeachtúla a chur chun cinn agus cosaint sonraí pearsanta a chinntiú ag an am céanna. Ceanglaíonn an tAcht ar chomhlachtaí poiblí comhaontuithe foirmiúla um chomhroinnt sonraí a shocrú sula roinntear sonraí. Bhí an próiseas maidir le cleachtais nua roinnte sonraí a fhí isteach i dtionscadail taighde atá ann cheana féin casta agus dian ar acmhainní an FTO. Tá monatóireacht agus iniúchadh leanúnach ag an FTO riachtanach chun comhlíonadh leanúnach le forálacha an Achta a chinntiú agus chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna cosanta sonraí atá ag teacht chun cinn.

Tá freagrachtaí ar an FTO freisin faoin Treoir um Shonraí Oscailte agus faoin Acht um Rialachas Sonraí an AE, 2022 (ARS). Thar thréimhse na straitéise seo tosóidh an FTO ag roinnt sonraí de réir cheanglais na Treorach um Shonraí Oscailte agus an ARS. Forbróidh an Foras Sonraí Oscailte agus Roinnt Sonraí an FTO ina leagfar amach an chaoi a dhéanfaidh an FTO tacair sonraí ábhartha a shainaithint, a roinnt, a fhoilsiú agus a chur ar fáil. Déanfar ár suíomh gréasáin a nuashonrú chun rochtain ar thacair sonraí taighde éagsúla a chur san áireamh.

Modheolaíochtaí Taighde agus Anailís Sonraí

Úsáideann FTO raon modheolaíochtaí agus cur chuige taighde chun sonraí a bhaineann leis an earnáil oideachais a anailísiú, a iniúchadh agus a thuairisciú. Trí chuir chuige éagsúla a threisiú, is féidir leis an FTO, an Roinn Oideachais agus páirtithe leasmhara léargais chuimsitheacha a fháil ar thorthaí, idirghabhálacha éifeachtacha a fhorbairt, agus ionchur a bheith aige i gcur chun cinn polasaí agus cleachtas oideachais. Thar thréimhse na straitéise seo, tá sé mar sprioc ag an FTO **barrchleachtas a fheidhmiú i modhanna taighde, cuir chuige anailíse agus úsáid sonraí.**

Modheolaíochtaí Taighde

I dtírdhreach taighde oideachais atá ag forbairt, tá modheolaíochtaí nua ag teacht chun cinn a chuireann lenár dtuiscint ar phróisis agus ar thorthaí oideachais. Tá atheagar á chur ag na modheolaíochtaí seo ar an gcaoi a ndéanann taighdeoirí sonraí a bhailiú, a anailísiú agus a léirmhíniú, agus cruthaíonn sé seo deis do léargais níos nuaí agus d' idirghabhálacha polasaí fianaise-bhunaithe.

Forbróidh an FTO Straitéis um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) a chothóidh cultúr foghlama leanúnaí. Déanfar infheistíocht i bhforbairt foirne chun a chinntiú go bhfanann an Foras ina lárionad sármhaitheasa do thaighde oideachasúil agus fiosrófar an chaoi inar féidir le cur chuige piarfhoghlama comhoibríoch deis a thabhairt don Fhoras leas a bhaint as eolas, scileanna agus eispéiris piaraí chun taighde an FTO a fheabhsú.

Bainistíocht Sonraí agus Anailís

Bunóidh an FTO Aonad um Sheirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Sonraí chun tacú le taighdeoirí thar iliomad tionscadal. Déanfaidh an tAonad sraith prótacal agus tacaíochtaí bainistíochta sonraí a fhorbairt agus a fheidhmiú go céimneach do thaighdeoirí a bhaineann, mar shampla, le dearadh agus cur i bhfeidhm pleananna bainistíochta sonraí, próisis iontrála sonraí, teicnící fíoraithe agus bailíochtaíthe, agus giniúint tuarascálacha staitistiúla. Ina theannta sin, cuirfear oiliúint ar fáil don fhoireann taighde ar úsáid uirlisí amharcléirithe sonraí agus CFG, agus an chaoi is fearr le faisnéis amhairc a fhí isteach i dtorthaí taighde. Comhoibreofar le comhlachtaí poiblí eile maidir le barrchleachtas in amharcléiriú eolais agus i léirshamhlú sonraí.

Intleacht Shaorga

Táthar ag súil go mbeidh ról bunathraithe ag IS i dtaighde oideachais. Trí leas a bhaint as IS, is féidir le taighdeoirí léargais níos doimhne agus torthaí taighde níos tráthúla a fháil a bheidh mar bhonn eolais do cheapadh beartais agus d'fheabhsú caighdeán oideachais. Tuigimid, áfach, go bhfuil sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar chúinsí eiticiúla, ar nós laofacht agus cothromas, chun a chinntiú go mbíonn tionchar dearfach ag ionchur IS ar an gcóras oideachais. Thar thréimhse na straitéise seo, sainaitheoidh an FTO conas is féidir le huirlisí IS tacú lena ghníomhaíochtaí taighde, le forbairt measúnuithe caighdeánaithe agus leis an gcóras oideachais i gcoitinne. Tá roinnt measúnuithe ar mhórscála ag déanamh iniúchadh gníomhach ar ról IS ach, faoi láthair, áfach, níl IS mar ghnáthchuid de na measúnuithe sin san FTO.

Cuspóir Straitéiseach 2 – Seirbhísí Tacaíochta Measúnaithe

Cuspóir	Trí réitigh ardcháilíochta agus nuálacha den scoth, leanúint mar phríomhúdarás i seirbhísí tacaíochta measúnaithe do scoileanna in Éirinn
Spriocanna	<p>Forbairt Trialacha – trialacha caighdeánaithe a fhorbairt a sholáthraíonn tomhais iontaofa, bhailí agus chothroma ar fhoghlaim agus ar ghnóthachtáil scoláirí do gach scoil in Éirinn</p> <p>Taighde & Nuálaíocht – a bheith gafa le taighde críochnúil agus cleachtais nuálacha chun tacú le feabhsú ár dtrialacha</p> <p>Soláthar & Tacaíochtaí – a bheith aitheanta mar phríomhúdarás ar thrialacha caighdeánaithe do gach scoil in Éirinn agus tacaíocht a sholáthar dóibh siúd atá gafa lenár dtrialacha a riar agus a léirmhíniú</p>

Le nach mór 60 bliain de thaighde agus de thaithí san oideachas, tá an FTO ina phríomhsholáthraí do thrialacha caighdeánaithe agus tacaíochtaí measúnaithe in Éirinn. Is iad ár bhfoireann saineolaithe taighdeoirí oideachais a fhorbraíonn ár dtástálacha digiteacha agus páipéir, i gcomhar le múinteoirí, saineolaithe ábhair, síciméadraithe, síceolaithe agus daoine eile, de réir mar is cuí. Tá sé mar chuspóir straitéiseach againn, **trí cháilíocht agus réitigh nuálacha den scoth, leanúint mar phríomhúdarás aitheanta ar sheirbhísí tacaíochtaí measúnaithe do scoileanna in Éirinn**. Tá sé mar aidhm againn a bheith mar sholáthraí iontaofa agus nuálach ar na seirbhísí seo do gach scoil agus mar cheannródaí i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm na seirbhísí measúnaithe digiteacha.

Forbairt Tástála – cur chuige straitéiseach & inbhuanaithe

De ghnáth bíonn forbairt creata tástála, forbairt míreanna (ceisteanna do thrialacha agus tascanna measúnaithe), píolótú, caighdeánú, agus forbairt noirm agus ábhar tacaíochta do scoileanna i gceist le tionscadail forbartha trialacha an FTO. Trí thrialacha a oiriúnú do churaclam na hÉireann, ina mbeidh raon leathan saineolaithe agus páirtithe leasmhara rannpháirteach, ina mbainfear úsáid as sraith leathan de chineálacha míreanna agus de thopaicí, agus ina gcinntítear go léirítear daonra éagsúil scoileanna na hÉireann in ábhar na dtrialacha, tá sé mar aidhm againn trialacha caighdeánaithe a chruthú a léiríonn foghlaim agus gnóthachtáil scoláirí ar bhealach cothrom agus fóna. Chuige sin tá sé mar sprioc ag an an FTO **trialacha caighdeánaithe a fhorbairt a sholáthraíonn tomhais iontaofa, bhailí agus chothroma ar fhoghlaim agus ar ghnóthachtáil scoláirí do gach scoil in Éirinn**.

Tá raon trialacha reatha an FTO do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna leagtha amach san Aguisín.

Thar thréimhse na straitéise seo, forbróidh agus eiseoidh an FTO roinnt trialacha caighdeánaithe do scoileanna. Nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh maidir leis na trialacha atá le forbairt, breithníonn an FTO roinnt prionsabal do thionscadail amach anseo. Cinntíonn na prionsabail seo go nglacann an FTO cur chuige straitéiseach agus inbhuanaithe chun forbairt a thástáil, ag freastal ar riachtanais na bpáirtithe leasmhara agus ag aithint na n-acmhainní atá ar fáil don Foras.

Prionsabail le haghaidh Forbairt Trialacha	
1	Ní mór do thionscadail forbartha trialacha a bheith inbhuanaithe agus ní mór trialacha a athbhreithniú go rialta lena chinntiú go ndéantar measúnú cruinn ar chaighdeán ghnóthachtála chomhaimseartha, go léirítear athruithe ar churaclaim agus riachtanais athraitheacha na bpáirtithe leasmhara.
2	Forbraítear trialacha caighdeánaithe agus é mar chuspóir bailíocht agus iontaofacht a uasmhéadú.
3	Déanfar trialacha a fhorbairt i nGaeilge agus i mBéarla agus eiseofar iad ag an am céanna.
4	Nuair is cuí, forbrófar trialacha i bhformáidí ar líne agus páipéir araon.
5	Forbrófar trialacha caighdeánaithe a bheidh iomchuí ó thaobh cultúir de agus a bheidh in oiriúint do shaolta agus leasanna éagsúla dhaonra scoláirí in Éirinn.
6	Déanfar teagmháil le páirtithe leasmhara agus le saineolaithe ar thosaíochtaí forbartha trialacha mar aon le dearadh agus ábhar na dtrialacha.

Ag teacht leis na prionsabail thuas, na hacmhainní atá ar fáil don Fhoras agus na dearthaí atá léirithe ag an Roinn Oideachais agus ag páirtithe leasmhara, tá sé beartaithe ag an FTO na trialacha caighdeánaithe seo a leanas a fhorbairt:

Triail	Leagan do scoileanna atá ag feidhmiú trí mheán an Bhéarla	Leagan do scoileanna atá ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge
Measúnú Iar-Bhunscoile & Trialacha Diagnóiseacha	PPAD-E Dáta Eisiúna – R4 2026	MDLI-G Dáta Eisiúna – R4 2025
Tástáil Réasúnaíochta Spásúlachta agus Teibí d'Iar-bhunscoileanna	Dáta Eisiúna – R4 2025	Dáta Eisiúna – R4 2025
Trialacha Réasúnaíochta Dhroim Conrach		Cuirfear tús leis an tionscadal nuair a bheidh acmhainní ar fáil
Triail Matamaitice d'Iar-bhunscoileanna		Dáta Eisiúna – R2 2025
Trialacha Luathlitearthachta Dhroim Conrach	Dáta Eisiúna – R1 2028	Dáta Eisiúna – R1 2028
Trialacha Luathuimhearthachta Dhroim Conrach	Dáta Eisiúna – R1 2028	Dáta Eisiúna – R1 2028
Trialacha Léitheoireachta Dhroim Conrach do Bhunscoileanna	Le tosú in R3 2026	
Trialacha Matamaitice Dhroim Conrach do Bhunscoileanna	Le tosú in R3 2027	Le tosú in R3 2027
Triail Ghaeilge Dhroim Conrach do Bhunscoileanna Gaeltachta agus Lán-Ghaeilge (TGD-G)	N/B	Cuirfear tús leis an tionscadal nuair a bheidh acmhainní ar fáil
Triail Ghaeilge Dhroim Conrach do Scoileanna Rialta (TGD-R)	Cuirfear tús leis an tionscadal nuair a bheidh acmhainní ar fáil	N/B

Forbairt Trialacha Ar Líne

Tagraíonn an Straitéis Dhigiteach do Scoileanna go dtí 2027 do “úsáid éifeachtach na teicneolaíochta digítí, comhtháite mar chuid gan uaim den chleachtas teagaisc, foghlama agus measúnaithe i ngach seomra ranga” mar phríomhspríoc agus leagtar amach ann na gníomhaíochtaí agus infheistíocht shuntasach an Stáit sa teicneolaíocht dhigiteach agus sa bhonneagar digiteach.

Thug an FTO isteach córas ar líne na hÉireann do thrialacha caighdeánaithe i scoileanna in 2017. Thar thréimhse na straitéise seo cuirfimid tús le forbairt roinnt trialacha caighdeánaithe dár n-ardán ar líne, lena n-áirítear Triail Léitheoireachta Bunscoile Dhroim Conrach agus Triail Matamaitice Dhroim Conrach. Déanfaidh an FTO measúnú ar gach tionscadal forbartha trialacha nua chun cinneadh a dhéanamh maidir le hoiriúnacht ardán tástála ar líne don spriocdhaonra scoláirí.

Forbairt trialacha Gaeilge

Tá roinnt trialacha Gaeilge ar fáil ag an FTO do scoileanna atá ag feidhmiú trí mheán an Bhéarla agus na Gaeilge. Táimid tiomanta dár dtrialacha go léir a fhorbairt sa dá theanga, faoi réir acmhainní foirne taighde líofa a bheith ar fáil. In 2025 tá sé mar aidhm againn aonad tiomnaithe forbartha trialacha Gaeilge a oscailt, ina mbeidh foireann taighdeoirí forbartha trialacha líofa atá tiomanta do shraith trialacha Gaeilge an FTO a leathnú agus a athnuachan.

Aithnímid nach mbeifear in ann tús a chur le hathfhorbairt roinnt trialacha Gaeilge thar thréimhse na straitéise seo. Measann an FTO gurb é an bealach is fearr chun tacú le scoileanna ná tosaíocht a thabhairt do na trialacha caighdeánaithe atá éigeantach. Rachaidh an FTO i dteagmháil leis an Roinn maidir le hacmhainní níos leithne a sholáthar do thionscadail forbartha trialacha Gaeilge chun coibhéis a chinntiú do scoileanna atá ag feidhmiú trí mheán an Bhéarla agus trí mheán na Gaeilge.

Trialacha Scagthástála agus Diagnóiseacha

Tá an FTO ag obair le blianta fada le múinteoirí, leis an Roinn Oideachais agus leis an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO) chun trialacha scagthástál agus diagnóiseacha a fhorbairt a dhéanann measúnú ar scileanna litearthachta agus uimhearthachta.

Is trialacha scagthástála agus diagnóiseacha iad Trialacha Diagnóiseacha Luathlitearthachta Dhroim Conrach (DTEL) agus Trialacha Diagnóiseacha Luathlitearthachta Dhroim Conrach (DTEN), a eisíodh in 2008/9, atá oiriúnach le húsáid le daltaí ag deireadh rang na Naíonáin Shinsearacha agus ag tús Rang a hAon. Aithníonn na trialacha scagthástála a riartar ar ghrúpaí an bhfuil deacrachtaí acu foghlaim conas léamh agus coincheapa bunúsacha uimhearthachta a shealbhú. Léiríonn na trialacha diagnóiseacha a riartar ina n-aonar sainghnéithe den litearthacht agus den uimhearthacht lena bhfuil na daltaí seo ag streachailt. Go luath in 2028 eiseofar leaganacha nuashonraithe den DTEL agus DTEN do scoileanna atá ag feidhmiú trí mheán an Bhéarla agus trí mheán na Gaeilge.

Is éard atá in Measúnú agus Diagnóis Iar-Bhunscoile – Béarla (PPAD-E) ná triail chaighdeánaithe litearthachta, a forbraíodh i gcomhar leis an SNSO, le húsáid in iar-bhunscoileanna mar uirlis scagthástála agus dhiagnóiseach chun measúnú a dhéanamh ar scileanna litearthachta. Leathnófar an triail PPAD-E go scoileanna atá ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge in R4 2025 (mar MDLI-G) agus, in R4 2026, cuirfear ar fáil

í go leibhéal grád breise do scoileanna atá ag feidhmiú trí mheán an Bhéarla. Leanfaidh an FTO ag obair agus ag tacú leis an SNSO thar thréimhse na Straitéise seo.

Trialacha Léitheoireachta agus Matamaitice Dhroim Conrach do Bhunscoileanna

Tá Trialacha Léitheoireachta Bunscoile agus Matamaitice Dhroim Conrach (2018) oiriúnach do riachtanais bunscoileanna atá ag feidhmiú trí mheán an Bhéarla agus atá ag tabhairt faoi thástáil chaighdeánaithe. Tosófar ar an obair chun na trialacha seo a athfhorbairt in 2026/27, ina ndéanfar athbhreithniú ar churaclaim agus taighde ábhartha, ina mbeidh rannpháirtíocht le saineolaithe ábhar agus le páirtithe leasmhara, agus ina gcuirfear tús le forbairt míreanna tástála. Tá an Foras ag súil go dtabharfar na tionscadail seo chun críche in 2030 nó 2031, agus go mbeidh leaganacha nua de na trialacha ar fáil i bhformáidí páipéir agus ar líne.

Cur chuige inbhuanaithe agus timthriallach maidir le forbairt trialacha

Agus é intuigthe go dtógann sé roinnt blianta chun tionscadail forbartha tástála a chur i gcrích agus go mbíonn acmhainní foirne suntasacha de dhíth dá leithéid, tá iniúchadh á dhéanamh ag an FTO maidir le cur chuige timthriallach a ghlacadh i leith forbairt trialacha:

- ina gcuirfear trialacha leasaithe ar fáil gach 3-4 bliana, a chinnteoidh feabhsú agus oiriúnú leanúnach chun athruithe i gcaighdeán, i gcuraclaim agus i riachtanais na bpáirtithe leasmhara a léiriú.
- inar féidir míreanna tástála aonair a athbhreithniú nó a bhaint (b'fhéidir de bharr airíonna síciméadracha nach bhfuil ag éirí go maith leo) agus sláine na trialacha ina iomlán a choinneáil.
- inar féidir teicnící tástála nua agus nuálacha a chur i bhfeidhm nuair a bhíonn fáil orthu.
- inar féidir le scoileanna, tuismitheoirí/caomhnóirí agus an Roinn Oideachais cinnteacht a bheith acu faoi leibhéal ghnóthachtála, toisc go mbeidh trialacha á gcaighdeánú agus á noirmiú go rialta.
- inar féidir le scoileanna ábhair thástála a choinneáil agus a athúsáid ar feadh roinnt blianta.

Déanfaidh an FTO teagmháil leis an Roinn Oideachais chun cur chuige timthriallach a chur i bhfeidhm maidir le forbairt trialacha, lena n-áirítear acmhainní breise a sholáthar chun dlús a chur le hathfhorbairt na dtrialacha caighdeánaithe tábhachtacha. Tabharfar an rannpháirtíocht sin chun críche faoi R4 2025.

Taighde & Nuálaíocht

Tá an FTO tiomanta do chinntiú gur iad ár dtrialacha na trialacha is fearr ar fad agus go bhfreastalóidh siad ar riachtanais chóras oideachais na hÉireann, múinteoirí agus scoláirí. Is é ár sprioc ná **a bheith gafa le taighde críochnúil agus cleachtais nuálacha chun tacú le feabhsú ár dtrialacha.**

FTO Córas Tástála Ar Líne Dhroim Conrach (DOTS)

Thar thréimhse na straitéise seo, tá sé beartaithe líon na scoileanna a úsáideann DOTS a mhéadú go níos mó ná 1000 bunscoil agus iar-bhunscoil faoi 2030. De réir mar a bhíonn fáil níos forleithne i scoileanna ar theicneolaíocht dhigiteach agus ar bhonneagar, tacófar le scoileanna aistriú chuig ár n-ardán tástála ar líne. Cuirfidh an FTO le líon na dtrialacha DOTS lena n-áirítear triail Réasúnaíochta Spásúlachta agus Teibí, triail matamaitice iar-bhunscoile i nGaeilge agus trialacha bunscoile athfhorbartha don léitheoireacht agus don mhatamaitic. Cuirfear seisiúin treorach ar fáil freisin do scoileanna chun ardán DOTS, na buntáistí a

bhaineann leis agus na riachtanais teicneolaíochta is gá a mhíniú. Leanfar le dreasacht eacnamaíoch a sholáthar do scoileanna chun aistriú go trialacha DOTS-bhunaithe.

Nuálaíocht i dtástáil chaighdeánach

Mar chuid dár bpróiseas forbartha tástála, fiosraítear taighde a rinneadh le déanaí ar na cineálacha cur chuige a bhaineann le tástáil chaighdeánaithe, modheolaíochtaí agus teicnící nua chun míreanna a chruthú agus a fhoráidí, agus forbairtí le déanaí sa teicneolaíocht agus sa nuálaíocht.

In 2019, ghlac an Foras ballraíocht i FLIP+, fóram comhoibríoch do thaighdeoirí atá dírithe ar ríomh-mheasúnú san oideachas a chur chun cinn. Thar thréimhse na straitéise seo, déanfar ár rannpháirtíocht in FLIP+ a dhoimhniú agus a leathnú, agus sinn ag iarraidh foghlaim ó chleachtais forbartha tástála in áiteanna eile agus ag cur le dea-chleachtais éifeachtacha.

Ceann de phríomhghnéithe FLIP+ is ea an fócas atá aige ar thástáil oiriúnaitheach, cur chuige nuálaíoch maidir le tástáil chaighdeánaithe a shaincheapann deacracht na gceisteanna do leibhéal cumais aonair gach dalta. Ní hionann an modh seo agus trialacha caighdeánacha traidisiúnta, ina bhfreagraíonn gach dalta an tsraith chéanna ceisteanna. Scrúdóidh an FTO an ról atá ag tástáil oiriúnaitheach in Éirinn agus a chomhtháthú i dtionscadail forbartha tástála.

In 2026 déanfar an chéad ghlúin eile de DOTS a sholáthar. Tógfaidh an t-ardán seo ar thaithí an FTO le tástáil ar líne agus bainfear leas as teicneolaíochtaí agus nuálaíochtaí nua ar nós tástáil oiriúnaitheach.

Inbhuanaitheacht

Thar thréimhse na straitéise seo, beidh an Foras ag tabhairt faoi roinnt tionscnamh chun inbhuanaitheacht thacaíochtaí measúnaithe an FTO do scoileanna a fheabhsú. I meas na dtionscnamh seo beidh:

- **Athchúrsáil & Athúsáid:** a chinntiú go ndéantar gach ábhar páipéir as ábhair athchúrsáilte agus go mbíonn ábhair ábhartha in-athúsáidte i scoileanna, nuair is cuí.
- **Cur Chuige Digiteach ar dTús:** a chinntiú go n-eisítear trialacha nua ar FTO DoTS, nuair is cuí.
- **Rannpháirtíocht FTO DoTS** – a bheith gafa le scoileanna chun tacú le haistriú go measúnuithe digiteacha, ag treisiú buntáistí na tástála ar líne agus ag tuiscint bacainní maidir le glacadh agus lena sárú.

Soláthar & Tacaíocht

Tá sé ríthábhachtach go dtuigtear riachtanais agus taithí na scoileanna, na múinteoirí agus na ndaltaí a úsáideann trialacha FTO, mar aon le riachtanais tuismitheoirí/caomhnóirí a mbíonn ciall á bhaint acu as na torthaí. Tá sé mar sprioc againn **a bheith aitheanta mar phríomhúdarás ar thrialacha caighdeánaithe do gach scoil in Éirinn agus tacaíocht a sholáthar dóibh siúd atá gafa lenár dtrialacha a riar agus a léirmhíniú.**

In 2023/24 chuir an FTO trialacha caighdeánaithe ar fáil do 70% de bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna ar fud na hÉireann. Thar thréimhse na straitéise seo, tá sé beartaithe againn líon na scoileanna a úsáideann trialacha an FTO a mhéadú go suntasach agus é mar aidhm againn ar deireadh thiar trialacha caighdeánaithe a sholáthar do gach scoil in Éirinn. Beimid i dteagmháil freisin leis an Roinn

Oideachais agus le príomhpháirtithe leasmhara faoi thodhchaí na tástála caighdeánaithe agus maidir le soláthraí ainmnithe amháin a aithint do thrialacha caighdeánaithe do scoileanna.

Mar chomhlacht poiblí táimid tiomanta do chinntiú go bhfaigheann gach scoil seirbhís agus taithe ar ardchaighdeán. Tá sé mar aidhm againn a chinntiú go roghnaíonn scoileanna go comhsheasmhach an FTO agus go mbíonn muinín acu as i ngeall ar cháilíocht agus comhsheasmhacht ár dtrialacha caighdeánaithe, cáilíocht na fianaise ar ghnóthachtáil daltaí a thugann siad do scoileanna, do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí, ár seirbhís chustaiméara den scoth, agus ár dtiomantas seirbhísí tacaíochta measúnaithe nua agus nuálacha a sheachadadh.

Trialacha a sholáthar do scoileanna

Cuireann scoileanna orduithe isteach do thrialacha caighdeánaithe ag baint úsáide as ardán DOTS. Tá foireann thiomanta ag an FTO ina Roinn Tástála chun tacú le scoileanna, ceisteanna a fhreagairt agus leibhéil stoic a bhainistiú, i measc rudaí eile.

Go dtí seo, tá teorainn le glacadh DOTS mar gheall ar an raon teoranta trialacha atá ar fáil ar an ardán agus cumas scoileanna tabhairt faoi thástáil ar líne. Déanfaidh an FTO roinnt gníomhaíochtaí chun úsáid an ardáin DOTS a mhéadú, lena n-áirítear:

- Feachtas cumarsáide agus rannpháirtíochta a sheoladh do scoileanna chun buntáistí na tástála ar líne a chur in iúl, amhail obair agus ualach laghdaithe ar scoileanna, rochtain láithreach agus slán ar thuiriscí ranga agus aonair, costais níos ísle agus solúbthacht mhéadaithe
- Nuair a bhíonn an chéad leagan eile de DOTS á fháil, ardán le cumais fheabhsaithe a roghnú, éagsúlacht breise i gcineálacha agus i bhformáidí na gceisteanna, comhoiriúnacht leathan gléasanna, criptiú sonraí slán agus oiriúnú níos fearr.

Ag tacú le scoileanna

Aithnímid go bhfuil ról suntasach ag trialacha caighdeánaithe i bhféilire na scoile gach bliain agus go mbíonn ualach riaracháin i gceist do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile

In 2024 sheolamar Uirlis Scórála Páipéir DOTS chun ceartú trialacha páipéir do bhunscoileanna a chuíchóiriú. Tugann an uirlis saor in aisce seo deis do mhúinteoirí a dtrialacha páipéir a mharcáil go díreach ar shuíomh DOTS agus tuairisc chuimsitheach a ghiniúint do gach triail aonair agus tuairisc ranga a thugann achoimre ar fheidhmíocht gach dalta. Thar thréimhse na straitéise seo, tá sé beartaithe againn cur le hUirlisí Scórála Pháipéir DOTS chun trialacha FTO nua a áireamh. Ina theannta sin, tá sé beartaithe againn mol measúnaithe ar líne a sheoladh ar ár suíomh gréasáin, ina mbeidh ailt, comhairle, CCanna, seimineáir ghréasáin agus seisiúin oiliúna maidir le trialacha caighdeánaithe a riar, a scóráil agus a léirmhíniú.

Ag tacú le scoláirí agus tuismitheoirí/caomhnóirí

Tuigeann an FTO gur féidir le tástáil chaighdeánaithe buairt agus inní a chur ar thuismitheoirí/chaomhnóirí, daltaí agus múinteoirí. D'fhéadfadh strus dá leithéid dul i bhfeidhm ar dhíriú aigne daltaí agus ar a gcumas feidhmiú go lánacmhainneacht i dtrialacha dá leithéid. Tá ról ag an FTO cabhrú le deireadh a chur le strus agus inní a eascraíonn as tástáil chaighdeánaithe. Thar thréimhse na straitéise seo, cuirfimid lenár

gcumarsáid le tuismitheoirí/caomhnóirí agus daltaí, le teoracha míniúcháin, seimineáir faisnéise agus ábhair i dteanga atá sothuigthe do leanaí agus do dhaoine óga. Beidh acmhainní ag ár mol measúnaithe ar líne chun tacú le daltaí agus tuismitheoirí/caomhnóirí torthaí trialacha FTO a thuiscint agus a léirmhíniú.

Rannpháirtíocht agus Aiseolas

Thar thréimhse na straitéise seo, déanfar suirbhé ar mhúinteoirí agus ar thuismitheoirí/chaomhnóirí ar fud na hÉireann chun aiseolas a bhailiú ar riar, tuairisciú agus léirmhíniú trialacha caighdeánaithe an FTO. Ina theannta sin, beifear i dteagmháil le páirtithe leasmhara chun a chinneadh conas is fearr tuairimí leanaí agus daoine óga ar mheasúnuithe caighdeánaithe a bhailiú. Áireofar i dtimthriallacha nua d'fhorbairt na dtrialacha comhairliúcháin le múinteoirí agus le daltaí a ghlacann páirt sna staidéir phíolótacha, lena chinntiú go léirítear a dtuairimí agus a dtaithe i bhforbairt na dtrialacha deiridh.

Cuspóir Straitéiseach 3 – Ár nEagraíocht

Cuspóir	Sármhaitheas eagraíochtúil a chinntiú trí ionad oibre fisiceach agus digiteach athraithe agus a uasmhéadaíonn cuimsitheacht, éifeachtacht agus aitheantas idirnáisiúnta.
Spriocanna	<p>Daoine – a bheith mar rogha fostóra, tiomanta d’fholláine, d’ionracas agus d’fhorbairt ghairmiúil ár bhfoirne.</p> <p>Próisis – próisis, polasaithe agus córais éifeachtacha agus éifeachtúla a bheith againn chun tacú lenár gcuid oibre.</p> <p>Cumarsáid & Rannpháirtíocht – ár láithreachta agus ár rannpháirtíocht le príomhghrúpaí páirtithe leasmhara a neartú chun infheictheacht agus clú an FTO agus ár gcuid oibre a fheabhsú.</p>

Ár nDaoine

In 2024 chuireamar plean fórsa saothair an FTO 2024-2026 faoi bhráid na Roinne Oideachais. De réir an phlean seo méadófar an eagraíocht go suntasach thar thréimhse na Straitéise seo. Tá seachadadh na gcuspóirí agus na ngníomhartha atá leagtha amach sa straitéis seo ag brath ar na hacmhainní foirne (agus airgeadais) riachtanacha a bheith ag an FTO chun ár gcuid oibre a dhéanamh. Bhí cur chuige dearfach idir an FTO agus an Roinn Oideachais chun na hacmhainní foirne atá ar fáil a mhéadú. Tá sé tábhachtach, de réir mar a mhéadaíonn an eagraíocht, gur féidir linn ár bhfoireann nua a chomhtháthú, cobhsaíocht a sholáthar agus struchtúr eagraíochtúil éifeachtach a chur i bhfeidhm a chuireann ár sainordú agus ár ról i gcrích. Tá sé mar sprioc againn **sármhaitheas eagraíochtúil a chinntiú trí ionad oibre fisiceach agus digiteach athraithe a uasmhéadaíonn cuimsitheacht, éifeachtacht agus aitheantas idirnáisiúnta.**

Ag Tacú lenár bhFoireann

Tá folláine ár bhfoirne ríthábhachtach do rath agus inbhuanaitheacht an FTO. Trí thosaíocht a thabhairt d’fholláine na foirne, is féidir leis an FTO timpeallacht oibre dhearfach thacúil a chruthú ina mothaíonn fostaithe go léirítear meas orthu, go bhfuil siad spreagtha agus cumasaithe chun barrfheabhas a bhaint amach ina gcuid oibre. Ansin, is féidir leis seo cuidiú le coinneáil foirne feabhsaithe, táirgiúlacht mhéadaithe, mórshásamh gairme, ardú meanma agus torthaí níos fearr don eagraíocht i gcoitinne.

Thar thréimhse na Straitéise seo, beimid ag tabhairt faoi roinnt tionscnamh chun tacú lenár bhfoireann, lena n-áirítear:

- **Tacaíochtaí Foirne** – forbrófar clár tacaíochtaí AD lena n-áirítear oiliúint foirne, ceardlanna agus ranganna Gaeilge, forbairt agus pleanáil chomharbais, agus timpeallacht oibre fhreagrúil.
- **Clár Folláine** – In 2025 cuirfear tús le clár folláine a fhorbairt don fhoireann chun sláinte fhisiciúil agus mheabhrach, dea-nósanna sláintiúla agus cothromaíocht oibre is saoil a chur chun cinn.
- **Tacaíocht mheabhairshláinte** – leanfar le leathnú ár gclár cúnaimh d’fhostaithe agus ár n-acmhainní meabhairshláinte chun tacú le baill foirne a mhothaíonn strus, imní nó dúshláin mheabhairshláinte eile.
- **Cothromaíocht Oibre is Saoil** – tacóidh ár bpolasaithe agus ár gcleachtais le cothromaíocht shláintiúil oibre is saoil trí ualaí oibre na foirne a bhainistiú, leibhéil foirne a athbhreithniú go tréimhsiúil, socruithe

oibre cumaisc agus solúbtha, agus saoire bhliantúil. In 2026/27 déanfar ár leibhéal foirne san FTO a athbhreithniú i gcoinne riachtanais straitéiseacha an FTO agus ár máthair-Roinn.

Forbairt Ghairmiúil agus Forbairt Scileanna

In 2025/26 forbróidh an FTO Plean Foghlama & Forbartha chun riachtanais scileanna, riachtanais oiliúna, deiseanna chun eolas a roinnt agus deiseanna meantóireachta i measc ár bhfoirne don todhchaí a shainaithint.

- **Foghlaim & Forbairt (F&F)**– forbrófar agus cuirfear i bhfeidhm Straitéis F&F a chothaíonn cultúr foghlama, comhoibrithe agus fiosrúcháin. Leanfaimid orainn ag infheistiú i bhforbairt foirne trí dheiseanna chun cur le scileanna, eolas a fhorbairt agus gairm a fhorbairt. Leanfar ag tacú le cúrsaí breisoideachais agus forbartha gairmiúla don fhoireann. Tabharfar isteach clár oiliúna agus tacaíochta dár mbainisteoirí daoine chun cabhrú leo foirne a threorú agus a thacú go héifeachtach.
- **Clár Meantóireachta** – In 2026 forbrófar clár meantóireachta don fhoireann chun cabhrú le haistriú eolais, saineolais agus dea-chleachtais a éascú ó bhaill foirne le taithí go comhghleacaithe sóisearacha nua.
- **Feidhmíocht agus Plé** – In 2025 déanfar an córas bainistíochta feidhmíochta agus comhphlé reatha atá againn faoi láthair a athbhreithniú chun aiseolas rialta, cuspóirí bliantúla agus athbhreithnithe feidhmíochta a sholáthar do bhaill foirne aonair ina dtreiseofar láidreachtaí, ina n-aithneofar éachtaí agus ina ndíreofar aird ar réimsí ina bhféadfadh tacaíocht/treoir bhreise a bheith ag teastáil.

Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú

Díríonn an FTO i gcónaí ar thimpeallacht thacúil, chuimsitheach agus ómósach a chothú ina bpléitear le dínit agus go cothrom le fostaithe agus le páirtithe leasmhara. Tá cur chuige neamhfhulaingthe againn maidir le leithcheal, ciapadh, bulaíocht agus iompar dímheasúil. In 2025 déanfar ár bpolasaí um Chomhionannas, Meas agus Dínit san Ionad Oibre a athbhreithniú, ag leagan amach ár dtiomantas do bheith mar ionad oibre níos cothroime, níos éagsúla agus níos cuimsithí.

Tuairisciú ar Bhearna Pá Inscne

I gcomhréir leis an Acht um Fhaisnéis ar Bhearnaí Pá Inscne 2021, tosóidh an FTO go luath ag tuairisciú ar ár mbearna pá inscne thar raon méadrachta. Táimid tiomanta do thuairisciú ar ár mbearna pá inscne gach bliain agus lucht saothair ilghnéitheach a fhostú, a thacú, a fhorbairt agus a choinneáil.

Dualgas na hEarnála Poiblí um Chearta Daona agus um Chomhionannas

Bunaíonn an tAcht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 Dualgas Earnála Poiblí um Chearta an Duine agus um Chomhionannas, a éilíonn ar chomhlachtaí poiblí, agus iad i mbun a bhfeidhmeanna, aird a thabhairt ar an ngá atá le:

- Deireadh a chur le leatrom
- Comhionannas deiseanna agus iompair a chur chun cinn dá fhoireann agus dóibh siúd a bhfuil seirbhísí á sholáthar acu dóibh.
- Cearta daonna na mball, na foirne agus iad siúd a bhfuil seirbhísí á sholáthar acu dóibh a chosaint

Agus ár Straitéis á forbairt againn, chuireamar san áireamh ár ról faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chearta an Duine agus um Chomhionannas (Dualgas Earnála Poiblí). Mar chuid dár Straitéis a sheachadadh, leanfar ag cur comhionannas deiseanna chun cinn agus ag cosaint cearta daonna ár bhfoirne agus iad siúd dá gcuirimid seirbhísí ar fáil. Thar thréimhse na Straitéise seo, tabharfar faoi roinnt gníomhaíochtaí:

- Déanfar ár n-oibleagáidí faoi Acht 2014 a mheas nuair a bhíonn ár bpolasaithe agus ár bpróisis á bhforbairt againn.
- Déanfar measúnú ar na saincheisteanna cearta daonna agus comhionannais a bhaineann le feidhmeanna agus cuspóirí an FTO agus na polasaithe, na pleananna agus na gníomhartha ceartaitheacha atá i bhfeidhm nó atá beartaithe chun dul i ngleic leis na saincheisteanna sin. Déanfar athbhreithniú bliantúil chun an dul chun cinn i leith ár n-oibleagáidí faoi Acht 2014 a mheas, agus tuairisceofar gníomhartha inár dTuarascáil Bhliantúil.
- Leanfar ag cur chun cinn agus ag tacú le comhionannas agus cearta daonna ár bhfoirne, ag cinntiú go gcothaítear timpeallacht chuimsitheach ina n-éiríonn go rathúil lenár bhfoireann.
- Déanfar riachtanais oiliúna na foirne uile a athbhreithniú maidir le comhionannas agus saincheisteanna eile a bhaineann le Dualgas na hEarnála Poiblí agus beimid tiomanta d'aghaidh a thabhairt go pras ar aon riachtanais oiliúna aitheanta..

Ár bPróisis

Mar eagraíocht, tá sé ríthábhachtach go mbíonn próisis éifeachtacha, comhlíonadh rialála agus timpeallacht fhisiceach agus TF mar thaca lenár gcuid oibre. Maidir leis seo, is é an sprioc atá againn ná **próisis, struchtúir, polasaithe agus córais éifeachtacha agus éifeachtúla a bheith againn chun tacú lenár gcuid oibre.**

TF agus Sonraí

Féachann ár straitéis TF le soláthar a dhéanamh do chosaint faisnéise íogair, seachadadh gan bhriseadh ar sheirbhísí riachtanacha dár bhfoireann agus d'úsáideoirí seirbhísí, agus muinín an phobail san FTO agus inár seirbhísí a choinneáil. In 2025 cuirfear tús le forbairt straitéise nua TF chun a chinntiú go mbainfidh an FTO leas as seirbhísí teicneolaíochta nuálacha a fhreastalaíonn ar thírdhreach na teicneolaíochta atá ag athrú agus na mbagairtí teicneolaíochta. Tabharfar tús áite freisin d'athbhreithniú agus d'athnuachan ár bpolasaithe agus ár gcleachtais TF agus polasaithe pleanála leanúnachais gnó / athshlánaithe tubaiste chun a chinntiú go gcosnaíonn ár bpolasaithe TF ár n-oibríochtaí, ár bhfoireann agus ár bpáirtithe leasmhara.

Tá sonraí agus faisnéis ríthábhachtach dár dtaighde agus do bhainistíocht ár n-oibríochtaí. In 2026 bunófar Aonad Seirbhísí Comhroinnte um Bainistíocht Sonraí chun tacú le forbairt agus feidhmiú céimneach polasaithe maidir le gabháil, bainistíocht, anailís agus sláine sonraí. Cuirfear oiliúint agus tacaíochtaí breise ar fáil freisin dár bhfoireann maidir le scileanna agus teicnící bainistíochta sonraí. Déanfar athbhreithniú freisin ar ár nósanna imeachta, ár bpolasaithe agus ár bpróisis sonraí ábhartha chun tacú le taighde, rialachas agus comhroinnt sonraí, nuair is cuí.

An Ghaeilge

In 2025 foilseofar Scéim Ghaeilge don FTO ina leagfar amach ár dtiomantas don Ghaeilge, do sheirbhísí dátheangacha, d'fhorbairt foirne agus dár rannpháirtíocht leis an bpobal.

Cé gur dúshlán don FTO foireann a earcú a bhfuil Gaeilge líofa acu, tabharfar faoi bhealaí nua chun ról oscailte san FTO a fhógairt do bhaill phobal na Gaeilge agus bolscaireacht a dhéanamh maidir leo. Áireofar leis seo dul i dteagmháil le hinstitiúidí tríú leibhéal agus leis na meáin Ghaeilge, clár céimithe a thabhairt isteach do bhaill foirne atá cáilithe go cuí, feachtais ar na meáin shóisialta agus folúntais a fhógairt i bpríomhfhoilseacháin.

Inbhuanaitheacht Chomhshaoil agus Gníomhú ar son na hAeráide

Ceanglaíonn an tAcht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Ísealcharbóin (Leasú) 2021 ar an FTO a feidhmeanna a chomhlíonadh ar bhealach atá comhsheasmhach le polasaithe aeráide an rialtais. Tá sé mar chuspóir againn a bheith inár n-eagraíocht a bhfuil meas aici ar inbhuanaitheacht chomhshaoil, atá bainteach le hathrú aeráide a mhaolú agus oiriúnú dó. In 2024 thosaíomar ag foilsiú Treochlár bliantúil um Ghníomhú ar son na hAeráide, inar leagadh amach ár spriocanna agus ár ngníomhartha chun ár n-oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Acht 2021 agus faoi Shainordú Gníomhaíochta Aeráide na hEarnála Poiblí.

Thar thréimhse na straitéise seo, féachfaimid le cloí leis na hoibleagáidí atá leagtha amach in Acht 2021 agus i Sainordú Gníomhaíochta na hAeráide san Earnáil Phoiblí, lena n-áirítear tionscnaimh um shábháil fuinnimh agus inbhuanaitheacht a chur i bhfeidhm inár n-oifigí agus inár bpróisis.

Rialachas Comparáideach agus reachtaíocht ábhartha

Mar chomhlacht poiblí táimid freagrach don Aire Oideachais agus don Oireachtas. Tá sé mar pholasaí ag an FTO cloí leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016. Mar aon leis sin, táimid faoi réir iniúchtaí bliantúla ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Déanaimid gach iarracht freisin uasmhéid trédhearcachta a chinntiú faoin gcaoi a n-oibrímid, agus faoin gcaoi ina mbíonn cistí poiblí in úsáid againn.

Tá roinnt píosaí reachtaíochta eile ann nach mór don FTO cloí leo, lena n-áirítear an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014, an tAcht um Nochtadh Cosanta (Leasú) 2022, na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001, an tAcht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí 2001, an tAcht um Rúin Oifigiúla 1963, Achtanna Coimisiún na dTeangacha Oifigiúla 2013 agus Cearta an Duine. 2014. Ní mór dúinn cloí freisin le reachtaíocht agus treoir maidir le soláthar, RGCS, cosaint sonraí agus comhroinnt sonraí, mar aon le reachtaíocht ghinearálta fostaíochta, comhionannais agus míchumais.

Cruthaíonn méaduithe le déanaí ar fhoireann na bpríomhfheidhmeanna corparáideacha (m.sh. AD, soláthar, rialachas agus airgeadas) deis don FTO a fhreagrachtaí maidir le rialachas agus comhlíonadh na reachtaíochta ábhartha a chomhlíonadh ar bhealach níos éifeachtaí.

Athfhorbairt Foirgníochta

Feidhmíonn an FTO in dhá fhoirgneamh i nDroim Conrach, Baile Átha Cliath 9. Tá breis is 60 ball foirne inár bpríomhoifig agus ní mór roinnt oibreacha athfhorbartha a dhéanamh uirthi. In 2024 ceapadh ailtirí chun measúnú críochnúil a dhéanamh ar ár riachtanais spáis oifige amach anseo. Treoróidh toradh an

mheasúnaithe seo riachtanais oifige amach anseo, acmhainn ár spás oifige reatha agus ár gcur chuige maidir le hobair chumaisc. Tá sé mar aidhm againn a chinntiú go gcothóidh agus go dtacóidh ár spásanna oibre leis na hathruithe dearfacha ar chleachtais oibre a eascraíonn as obair chumaisc.

Mar chuid dár straitéis athfhorbartha foirgneamh, tá athbhreithniú á dhéanamh freisin ar ár riachtanais amach anseo dár n-oifigí ar Bhóthar Richmond. Táthar ag súil go gcuirfear tús leis an obair sin in 2025.

Obair Chumaisc

Tá cur chuige solúbtha ag an FTO maidir leis an gcaoi agus an áit ina ndéantar obair, ina gceadaítear meascán socruithe oibre cianda agus socruithe oibre ar an láthair. Trí pholasaí oibre cumaisc éifeachtach a chur i bhfeidhm, bhí an FTO in ann leas a bhaint as buntáistí solúbthachta agus cianoibre agus ag an am céanna comhoibriú, táirgiúlacht agus rannpháirtíocht fostaithe a chothabháil. Chuidigh ár gcur chuige i leith na cianoibre linn baill foirne a bhfuil príomhscileanna acu a earcú agus a choinneáil (go háirithe baill foirne a bhfuil scileanna líofa Gaeilge acu) agus chuir sé lenár dteacht aniar eagraíochtúil.

Cumarsáid & Rannpháirtíocht

Mar aon lenár roinn maoinithe, an Roinn Oideachais, tá raon leathan páirtithe leasmhara againn ó mhúinteoirí, ceannairí scoile, tuismitheoirí/caomhnóirí, scoláirí, grúpaí ionadaíocha, comhlachtaí poiblí (m.sh. CNCM, CSS, COGG, An Chomhairle Mhúinteoireachta, CNOS), comhlachtaí idirnáisiúnta (mar an ECFE agus an IEA), comharchumainn measúnaithe oideachais (m.sh. trí bhallraíocht de FLIP+), institiúidí taighde agus taighdeoirí aonair in Éirinn agus thar lear. Táimid tiomanta do chumarsáid agus do chomhoibriú rialta le páirtithe leasmhara chun comhroinnt eolais, cinnteoireacht eolach polasaí agus deiseanna chun an barrchleachtas a fhiosrú a bharrfheabhsú.

Tá sé mar sprioc againn **ár láithreach agus ár rannpháirtíocht le príomhghrúpaí páirtithe leasmhara a neartú chun infheictheacht agus clú an FTO agus ár gcuid oibre a fheabhsú**. Is mian linn infheictheacht an FTO a fheabhsú, ag cur lenár gcáil mar fhoinse ar léargais oideachais údarásacha agus eolacha. Chuige sin cuirfear le haitheantas branda láidir inár n-aschur taighde, ár dtástálacha caighdeánaithe agus ár mbealaí cumarsáide.

Straitéis Cumarsáide agus Rannpháirtíochta

In 2025 forbróidh an FTO straitéis cumarsáide agus rannpháirtíochta chun infheictheacht an FTO a fheabhsú mar fhoinse iontaofa agus aitheanta údarásach agus eolach ar thaighde agus ar thástálacha caighdeánaithe.

Déanfar ár ngníomhaíocht rannpháirtíochta a ailíniú lenár bhfís agus ár n-uailmhian chun taighde ardchaighdeán agus trialacha caighdeánaithe a sheachadadh. Beidh meascán de chomhairliúcháin phoiblí, foilseacháin, cruinnithe, grúpaí oibre, imeachtaí, na meáin shóisialta agus seimineáir gréasáin in úsáid againn chun a bheith gafa lenár bpáirtithe leasmhara agus chun ár seirbhísí a sheachadadh. In R1 2025 cuirfear tús le nuachtlitir dhébhliantúil ar líne a fhoilsiú chun páirtithe leasmhara a choinneáil ar an eolas faoi foilseacháin taighde, faoi thionscadail leanúnacha i scoileanna agus faoi thástáil chaighdeánaithe.

Glacann baill foirne an FTO páirt ghníomhach i dtionscadail chomhoibríocha taighde le gníomhaireachtaí eile, comhlachtaí poiblí agus taighdeoirí go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Tugann comhoibriú deis dár

dtaighdeoirí cur le agus foghlaim ó bharrchleachtas go hidirnáisiúnta (m.sh. trí FLIP+, Bord Rialaithe an ECFE, Coiste Athbhreithnithe Míreanna Eolaíochta agus Matamaitice TIMSS, agus Grúpa Forbartha Léitheoireachta PIRLS). Thar thréimhse na Straitéise seo féachfaimid lenár gcomhoibriú le taighdeoirí seachtracha oideachais a fhorbairt.

Infheictheacht & Aitheantas

Tá sé mar aidhm ag an FTO láithreach láidir agus aitheantas ainme a fhorbairt i measc príomhghrúpaí na bpáirtithe leasmhara. Beidh straitéis nua aitheantais amhairc agus brandála ag an FTO thar a bealaí agus a pointí teagmhála rannpháirtíochta go léir, lena n-áirítear lógó nua agus treoir stíl chorparáideach, a léireofar ar ár suíomh gréasáin, ár bhfoilseacháin, ár dtrialacha caighdeánaithe agus ár gcuntais meán sóisialta. Ó 2025 ar aghaidh, glacfaidh foilseacháin agus doiciméid an FTO coinbhinsiún ainmniúcháin caighdeánaithe (nuair is féidir), brandáil agus uimhriú doiciméad. Ina theannta sin, in 2025, forbróidh an FTO suíomh gréasáin nua dátheangach ina léireofar aschuir taighde agus rogha trialacha caighdeánaithe.

FTO@60 – Sraith Léachtaí Taighde

I mí Eanáir 2026 beidh an FTO ann le 60 bliain. Reáchtálfaidh an FTO imeacht comhdhála – **FTO@60** – chun machnamh a dhéanamh ar ionchur an FTO agus ar éabhlóid an taighde oideachais in Éirinn le 60 bliain anuas. Seolfaidh an FTO Sraith Léachtaí Oirice freisin in ómós dá stiúrthóir bunaidh, an Dr Thomas (Tom) Kellaghan. Cruthóidh an léacht bhliantúil seo deis do thaighdeoirí, d’oideachasóirí agus do ghairmithe polasaithe poiblí a n-eispéireas agus a léargais léannta a roinnt le foireann an FTO agus le lucht déanta polasaithe.

Irish Journal of Education agus Saothair Acadúla

Is irisleabhar rochtain-oscailte piarmheasúnaithe é an *Irish Journal of Education (IJE)* arna fhoilsiú ag an FTO. Baill d’foireann an FTO atá ar Bhord Eagarthóireachta an IJE agus ó 2021 i leith tá an iris foilsithe go heisiach ar líne ag www.FTO.ie/ije. Féachann an *IJE* le hailt a fhoilsiú ar ghné ar bith den oideachas – fealsúnacht, stair, oideachas comparáideach, staidéir churaclaim, srl. Bíonn fáilte ar leith roimh thuairiscí ar thaighde turgnamhach agus ar ailt a bhfuil dlúthbhaint acu leis an oideachas in Éirinn.

Is bealach tábhachtach é an *IJE* do thaighdeoirí luathghairme agus seanbhunaithe in Éirinn agus go hidirnáisiúnta, lena n-áirítear taighdeoirí an FTO féin, chun torthaí agus léargais a roinnt leis na hearnálacha oideachais agus taighde i gcoitinne. Thar thréimhse na straitéise seo leanfaimid ar aghaidh ag foilsiú an *IJE*, ag iarraidh a lucht léitheoireachta agus a raon acadúil a mhéadú trí chur chun cinn agus trí rannpháirtíocht níos leithne le taighdeoirí.

Mar aon le foilsiú san *IJE*, leanfaidh an FTO ag tacú lenár bhfoireann chun a bheith gafa leis an bpobal taighde níos leithne trí rannpháirtíocht agus freastal ar chomhdhála acadúla, foilsiú in irisí acadúla piarmheasúnaithe agus cur le heolas agus le forbairt barrchleachtais i dtaighde oideachais agus measúnú caighdeánaithe.

Is eol don FTO freisin go dtarlaíonn sé go rímhinic nach n-éiríonn leis an pobal an t-eolas a chuirtear ar fáil sa saol acadúil a rochtain. Tá sé tábhachtach go mbeadh deis ag gach ball den tsochaí a bheith gafa le taighde, léargais agus foilseacháin an FTO. Déanfaidh an FTO é seo trí bhealaí éagsúla.

- Suíomh gréasáin an FTO a dhéanamh inrochtana do chách
- Ardáin meán sóisialta a úsáid chun aird a tharraingt ar thaighde FTO
- Grafaic faisnéise a úsáid chun coincheapa casta agus torthaí taighde a shimpliú
- An IJE a dhéanamh níos infheicthe agus níos inrochtana
- Úsáid Aitheantóirí Oibiachta Digiteacha ('AOD') a leathnú d'fhoilseacháin an FTO
- Freastal ar agus labhairt ag comhdhálacha, imeachtaí agus scoileanna éagsúla na bpáirtithe leasmhara
- Bealaí cumarsáide rialta a bhunú le páirtithe leasmhara

Thar thréimhse na straitéise seo, feabhsóidh an FTO a chuid iarrachtaí ar a rannpháirtíocht agus a thaighde a chraobhscaoileadh le raon níos leithne páirtithe leasmhara, lena n-áirítear múinteoirí, tuismitheoirí/caomhnóirí, leanaí agus daoine óga.

Feidhmíocht agus Meastóireacht

Sa doiciméad seo leagtar amach ár Straitéis do na cúig bliana ó 2025 go 2030. Tá treo straitéiseach na heagraíochta socraithe ag Bord an FTO agus tá sé freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Straitéise seo.

Chun torthaí ár Straitéise a bhaint amach beidh orainn leanúint orainn ag bainistiú ár n-acmhainní, ár rioscaí agus ár dtosaíochtaí, agus an comhthéacs éabhlóideach ina n-oibrímid á láimhseáil againn.

Aithnítear go bhfuil go leor dár gcuid oibre múnlaith ag an gcomhthéacs seachtrach ina bhfeidhmíonn an FTO. Tá obair an FTO múnlaith ag raon leathan polasaithe agus pleananna rialtais, ar nós Clár an Rialtais, Ráiteas Straitéise na Roinne Oideachais agus *Forbairt* (Ráiteas Bliantúil ar Thosaíochtaí na Roinne Oideachais), mar aon le tosaíochtaí náisiúnta atá ag teacht chun cinn. Thar na cúig bliana go dtí 2030 is dócha go bhfoilseofar tosaíochtaí, polasaithe, straitéisí agus pleananna gníomhaíochta nua an rialtais, óna mbeidh orainn tabhairt faoi shruthanna oibre nua agus gan choinne. Chun a chinntiú go bhfanann ár Straitéis sofhreagúil agus in oiriúint dár dtimpeallacht sheachtrach agus dár gcomhthéacs oibriúcháin, leanfaimid ag athbhreithniú agus ag coigeartú ár spriocanna agus ár ngníomhartha de réir mar is cuí, agus leanfaimid ag cur tuairimí ár bpáirtithe leasmhara san áireamh thar shaolré na straitéise. Déanfaidh Bord an FTO meastóireacht mheántéarmach ar ár straitéis, agus más gá, foilseofar doiciméad leasaithe.

Tá plean feidhmithe ag gabháil leis an straitéis seo, atá léirithe thíos, ina leagtar amach gníomhartha chun cuspóirí agus spriocanna a bhaint amach laistigh d'amlínte sainithe. Tá an plean ina chuid de Plean Oibre poiblí an FTO a chuirtear faoi bhráid na Roinne Oideachais go bliantúil agus a athbhreithnítear go rialta. Déanfaidh an FTO monatóireacht ar fheidhmíocht go leanúnach agus foilseofar sonraí faoin dul chun cinn gach bliain sa Tuarascáil Bhliantúil. Beidh ár bpáirtithe leasmhara uile in ann ár ndul chun cinn a mheas maidir lenár gcuspóirí, ár spriocanna agus ár dtorthaí straitéiseacha a bhaint amach.

Tá cur i bhfeidhm na straitéise seo ag brath ar infhaighteacht thráthúil acmhainní (acmhainní airgeadais agus foirne araon) agus ar thacaíocht leanúnach na Roinne Oideachais agus na bpáirtithe leasmhara.

Plean Feidhmithe: 2025-2030

Cuspóir	Uimhir	Gníomhaíocht	Amlíne	Tuairisciú Críochnú
Cuspóir 1 – Taighde Mórthionchair	1.1	Straitéis taighde a fhorbairt, ailínithe le scileanna an FTO, acmhainní, tosaíochtaí na Roinne Oideachais agus riachtanais na bpáirtithe leasmhara	R4 2025	
	1.2	Cruinnithe rialta a réachtáil le hAonad Taighde na Roinne Oideachais agus le rannóga ar chlár taighde an FTO, plean oibre agus riachtanais agus tosaíochtaí taighde na Roinne	Go bliantúil	
	1.3	Tacú leis an Roinn Oideachais trí rannpháirtíocht sa Ghrúpa Stiúrtha um Thaighde, Polasaí agus Cleachtas (GSTPC)	Leantach	
	1.4	Taighde a dhéanamh thar ceann comhlachtaí poiblí eile nó ar thionscnamh an FTO, faoi réir acmhainní agus laistigh de phlean oibre comhaontaithe leis an Roinn Oideachais	Leantach	
	1.5	Tionscadail measúnaithe ar mhórsála a dhéanamh thar ceann na Roinne Oideachais, lena n-áirítear PISA, PIRLS, TIMSS agus NAMER	Leantach	
	1.5.1	<i>PISA 2022 – Tuairisciú Téamach</i>	2022	R3 2025
	1.5.2	<i>PISA 2025 Obair Allamuigh & Tuairisciú</i>	2025	R4 2027
	1.5.3	<i>PISA 2029 Obair Allamuigh & Tuairisciú</i>	2029	R4 2031
	1.5.4	<i>PIRLS 2026 Obair Allamuigh & Tuairisciú</i>	2026	R4 2028
	1.5.5	<i>TIMSS 2023 Obair Allamuigh & Tuairisciú</i>	2023	R4 2025
	1.5.6	<i>TIMSS 2027 Obair Allamuigh & Tuairisciú</i>	2027	R4 2029
	1.5.7	<i>NAMER 2028 Obair Allamuigh & Tuairisciú</i>	2028	R4 2030
	1.6	Tacú leis an Roinn Oideachais measúnú a dhéanamh ar thorthaí agus éifeachtacht an chláir trí staidéir mheastóireachta chainníochtúla agus cháilíochtúla	Leantach	
	1.7	Tacú leis an Roinn Oideachais maidir le hanailís agus samhaltú sonraí don tSamhail Leithdháilte Múinteoirí Oideachais Speisialta	Go bliantúil	
	1.8	Tacú lenár dtaighdeoirí taighde acadúil a dhéanamh a bhaineann le hobair an FTO	Leantach	
1.9	Cur chuige Digiteach ar dTús a ghlacadh maidir le tionscadail agus oibríochtaí taighde	R4 2025		

	1.10	Nuachtlitir dhébhlíantúil a fhoilsiú a dhíríonn ar lucht déanta polasaí agus ar chomhoibrithe, ag cur béime ar ghníomhaíochtaí leanúnacha taighde an FTO	R1 2025	
	1.11	Úsáid na meán shóisialta a leathnú chun teacht ar pháirtithe leasmhara, lena n-áirítear múinteoirí, tuismitheoirí agus scoláirí.	R1 2025	
	1.12	Laistigh de mhí amháin tar éis a fhoilsiú, na torthaí agus na léargais ó thionscadail mhóra taighde an FTO a chur in iúl do scoileanna, do thuismitheoirí agus do scoláirí i bhformáid inrochtana	R1 2025	
	1.13	Aonad Oibríochtaí Taighde tiomnaithe a bhunú chun cúrsaí cosanta sonraí agus lóistíochta a bhaineann le tionscadail taighde an FTO a mhaoirsiú	R2 2025	
	1.14	Polasaí Sonraí Oscailte agus Roinnt Sonraí an FTO a fhorbairt	R2 2026	
	1.15	Polasaithe agus treoirlínte sonraí a athbhreithniú lena chinntiú go n-oibríonn an FTO laistigh den chreat dlíthiúil agus go gcosnaítear sáruithe sonraí agus bagairtí cibearshlándála	Go bliantúil	
	1.16	Faoi réir acmhainní, Aonad Seirbhísí Comhroinnte um Bainistíocht Sonraí a bhunú	R4 2026	
	1.17	Foireann a oiliúint maidir le húsáid uirlisí léirshamhlaithe sonraí agus CFG	R2 2027	
	1.18	Straitéis um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach agus plean Foghlama agus Forbartha a fhorbairt do bhaill foirne an FTO	R2 2026	
	1.19	An chaoi is féidir le uirlisí IS tacú lena ghníomhaíochtaí taighde, le forbairt measúnuithe caighdeánaithe agus leis an gcóras oideachais a aithint	R2 2026	
Cuspóir 2 – Seirbhísí Tacaíochtaí Measúnaithe	2.1	Réimse trialacha caighdeánaithe le haghaidh bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna a fhorbairt agus a eisiúint	Leantach	
	2.1.1	<i>Measúnú Iar-bhunscoile agus Triail Dhiagnóiseach - Béarla (PPAD-E) a eisiúint</i>	R4 2026	
	2.1.2	<i>Measúnú Iar-bhunscoile agus Triail Dhiagnóiseach - Gaeilge (MDLI-G) a eisiúint</i>	R4 2025	
	2.1.3	<i>Scrúdú Réasúnachta Spásúlachta agus Teibí Iar-bhunscoile – Béarla a eisiúint</i>	R4 2025	
	2.1.4	<i>Scrúdú Réasúnachta Spásúlachta agus Teibí Iar-bhunscoile – Gaeilge a eisiúint</i>	R4 2025	
	2.1.5	<i>Scrúdú Matamaitice Iar-bhunscoile - Gaeilge (TMDI) a eisiúint</i>	R2 2025	
	2.1.6	<i>Triailacha Luathlitearthachta (Béarla agus Gaeilge) Dhroim Conrach a eisiúint</i>	R1 2028	
	2.1.7	<i>Triailacha Luathuimhearthachta Droim Conrach (Béarla agus Gaeilge) a eisiúint</i>	R1 2028	
	2.1.8	<i>Tús a chur le Triail Léitheoireachta Bunscoile Dhroim Conrach – Béarla a fhorbairt</i>	R3 2026	

	2.1.9	<i>Tús a chur le Triail Matamaitice Bunscoile Dhroim Conrach – Béarla a fhorbairt</i>	R3 2027	
	2.1.10	<i>Tús a chur le Triail Matamaitice Bunscoile Dhroim Conrach – Gaeilge a fhorbairt</i>	R3 2027	
	2.1.11	<i>Tús a chur le Triail Ghaeilge Dhroim Conrach do Bhunscoileanna Gaeltachta agus Lán-Ghaeilge (TGD-G) a fhorbairt</i>	Tosú faoi réir acmhainní	
	2.1.12	<i>Tús a chur le Triail Ghaeilge Dhroim Conrach do Ghnáthscoileanna (TGD-R) a fhorbairt</i>	Tosú faoi réir acmhainní	
	2.1.13	<i>Tús a chur Triail Réasúnaíochta Dhroim Conrach – Gaeilge a fhorbairt</i>	Tosú faoi réir acmhainní	
	2.2	Dul i dteagmháil leis an Roinn Oideachais maidir le feidhmiú céimneach agus acmhainniú forbairt trialacha ar bhonn timthriallach	R4 2025	
	2.3	Líon na scoileanna a úsáideann FTO DOTS a mhéadú go 1,000 scoil	2030	
	2.4	Feachtas cumarsáide agus rannpháirtíochta a sheoladh le scoileanna chun buntáistí na tástála ar líne a chur in iúl	R1 2025	
	2.5	Líon na scoileanna a úsáideann tástálacha FTO a mhéadú go 80% de scoileanna ar a laghad	2030	
	2.6	An chéad leagan eile de DOTS a ghnóthú	R4 2026	
	2.7	Mol measúnaithe ar líne maidir le riar, scóráil agus léirmhíniú trialacha caighdeánaithe a sheoladh	R4 2026	
	2.8	Cumarsáid le tuismitheoirí/caomhnóirí agus le scoláirí a leathnú chun ról an FTO agus an tástáil caighdeánaithe a mhíniú	R2 2026	
	2.9	Suirbhé a dhéanamh ar mhúinteoirí agus ar thuismitheoirí/chaomhnóirí chun aiseolas a bhailiú ar thrialacha caighdeánaithe an FTO	R2 2025, go bliantúil ina dhiaidh sin	
	2.10	Próiseas a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun tuairimí leanaí agus daoine óga a bhailiú ar mheasúnuithe caighdeánaithe	R4 2026	
Cuspóir 3 – Ár nEagraíocht	3.1	Oibriú leis an Roinn Oideachais chun plean lucht saothair 2024-2026 a sheachadadh	2026	
	3.2	Tacú le foireann an FTO trí raon tacaíochtaí AD, oiliúint, tionscnaimh folláine agus cothromaíocht dhearfach oibre is saoil	Leantach	
	3.3	Athbhreithniú tréimhsiúil ar leibhéal foirne a chur i gcrích i gcoinne riachtanais straitéiseacha an FTO	2027	
	3.4	Clár meantóireachta a fhorbairt agus a rolladh amach d'fhoireann an FTO	R2 2026	
	3.5	Ár gcóras bainistíochta feidhmíochta agus comhphlé reatha a athbhreithniú chun aiseolas rialta, cuspóirí bliantúla agus athbhreithnithe feidhmíochta a sholáthar do bhaill foirne aonair	R4 2025	

	3.6	Athbhreithniú a dhéanamh ar pholasáí um Chomhionannas, Meas agus Dínit san Ionad Oibre agus Comhionannais, Éagsúlachta agus Chuimsithe an FTO a fhorbairt	R4 2025	
	3.7	Tuairisciú go bliantúil ar an mbearna pá inscne san FTO	R4 2025, go bliantúil ina dhiaidh sin	
	3.8	Polasaithe a athbhreithniú agus a chur i bhfeidhm de réir oibleagáidí faoin Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014	Leantach	
	3.9	Straitéis nua meántéarmach TF a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm	R4 2025	
	3.10	Straitéis cibearshlándála agus leanúnachas gnó an FTO a athbhreithniú	R4 2025	
	3.11	Scéim Ghaeilge a fhoilsiú don FTO	R2 2025	
	3.12	Tionscnaimh um shábháil fuinnimh agus inbhuanaitheacht a chur i bhfeidhm de réir Treochlár Gníomhaíochta Aeráide an FTO	Go bliantúil	
	3.13	Spásanna oibre agus oifigí an FTO a athfhorbairt	R4 2028	
	3.14	Straitéis mheántéarmach cumarsáide agus rannpháirtíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm	R4 2025	
	3.15	Suíomh gréasáin nua dhátheangach a fhorbairt	R4 2025	
	3.16	Ócáid a óstáil – FTO@60 – tráth 60 bliain bunaithe an FTO	R1 2026	
	3.17	Seoladh Sraith Léachtaí Oirice Tom Kellaghan	R4 2026	
	3.18	<i>An Irish Journal of Education</i> a fhoilsiú	Leantach	
	3.19	Tacú le taighdeoirí an FTO chun páirt a ghlacadh leis an bpobal taighde níos leithne, le comhoibrithe agus le himeachtaí acadúla.	Leantach	
Meastóireacht	4.1	Measúnú meántéarmach ar ár straitéis a chríochnú agus doiciméad leasaithe a fhoilsiú más gá.	2028	

Acrainmneacha & Giorrúcháin

IS (AI)	Intleacht Shaorga	CMOÉ (IFUT)	Cónaidhm Múinteoirí Ollscoile Éireann
CAP24	Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2024	IJE	An Irish Journal of Education
FGL (CPD)	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach	TF (IT)	Teicneolaíocht Faisnéise
DEIS	Comhionannas Deiseanna a Sheachadadh i Scoileanna	MDLI-G	Measúnú agus Diagnóisic Litearthachta don Iarbhunscoil – Gaeilge
RO (DES)	An Roinn Oideachais	NAMER	Measúnuithe Náisiúnta ar Mhatamaitic agus Léitheoireacht Bhéarla
ARS (DGA)	An tAcht um Rialachas Sonraí	SNSO (NEPS)	An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais
CFD (DLF)	Creat Foghlama Digiteach	PTN (NLP)	Próiseáil Teanga Nádúrtha
AOD (DOI)	Aitheantóir Oibiachta Digiteach	ECFE (OECD)	An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta
DOTS	Córas Tástála Ar Líne Dhroim Conrach	PIRLS	Staidéar ar Dhul Chun Cinn sa Litearthacht Léitheoireachta go hIdirnáisiúnta
DPMT	Triail Matamaitice Bunscoile Dhroim Conrach	PISA	Clár Measúnaithe Idirnáisiúnta Scoláirí
DPRT	Triail Léitheoireachta Bunscoile Dhroim Conrach	PISA-VET	PISA - Measúnú Idirnáisiúnta ar Oideachas agus Oiliúint Gairmoideachais
ACSR (DSGA)	An tAcht um Chomhroinnt Sonraí agus Rialachas 2019	PISA-VET	Measúnú agus Diagnóis Iar-Bhunscoile – Béarla
DTEL	Triailacha Diagnóiseacha Luathlitearthachta	PPAD-E	
DTEN	Triailacha Diagnóiseacha Luathuimhearhachta	CET (REC)	Coiste Eitice Taighde
BTB (EAL)	Béarla mar Theanga Breise	GSTPC (RPPSG)	Grúpa Stiúrtha um Thaighde, Polasaí agus Cleachtas
CÉC (EDI)	Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú	MOS (SET)	Múinteoir Oideachas Speisialta
LEE (EEA)	An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch	IR (SI)	Ionstraim Reachtúil
FTO (ERC)	An Foras Taighde ar Oideachas	CTS (SSP)	Clár Tacaíochta Scoile
AE (EU)	An tAontas Eorpach	TALIS	Suirbhé Idirnáisiúnta Teagaisc agus Foghlama an ECFE
CC (FAQ)	Ceisteanna Coitianta	TGD-G	Triail Ghaeilge Dhroim Conrach do Bhunscoileanna Gaeltachta agus Lán-Ghaeilge
FLIP	An Fhrainc-Lucsamburg-An Iodáil-An Phortaingéil	TGD-R	Triail Ghaeilge Dhroim Conrach do Bhunscoileanna Rialta
RGCS (GDPR)	Rialachán ginearálta an AE maidir le cosaint sonraí	TIMSS	Treochtaí i Staidéir Idirnáisiúnta Matamaitice agus Eolaíochta
GCT (GHG)	Gás Ceaptha Teasa	TLGG	Triail Ghaeilge Dhroim Conrach don Léitheoireacht Ghaeilge
CFG (GIS)	Córas Faisnéise Geografaí	TMDB	Triail Nua Mhatamaitice Dhroim Conrach do Bhunscoileanna
TFC (ICT)	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide	FGM (TPL)	Foghlaim Ghairmiúil Múinteoirí
IEA	An Cumann Idirnáisiúnta um Measúnú Gnóthachtála Oideachais	LRL (WAN)	Líonrú Réimse Leathan

Aguisín

Trialacha atá ar fáil faoi láthair do Bhunscoileanna

Triail	Leagan ar fáil do scoileanna a fheidhmíonn trí Bhéarla (Blain an Chaighdeánaithe)	Leagan ar fáil do scoileanna a fheidhmíonn trí Ghaeilge (Blain an Chaighdeánaithe)
Triail Ghaeilge Bunscoile Dhroim Conrach	Tá– TGD-R (2010 – páipéar amháin)	Tá – TGD-G (2010 – páipéar amháin)
Triail Léitheoireachta Bunscoile Dhroim Conrach	Tá - DPRT (2018 – páipéar & ar líne)	Tá - DPRT (2018 – páipéar & ar líne)
Triail Mhatamaitice Bunscoile Dhroim Conrach	Tá (2018 – páipéar & ar líne)	Tá – TMDB (2018 – páipéar & ar líne)
Drumcondra Spelling Test	Tá (2002 – páipéar amháin)	Níl
Drumcondra Tests of Early Literacy	Tá (2008 – páipéar amháin)	Níl
Drumcondra Tests of Early Numeracy	Tá (2009 – páipéar amháin)	Níl

Triail	Leagan ar fáil do scoileanna a fheidhmíonn trí Bhéarla ((Blain an Chaighdeánaithe)	Leagan ar fáil do scoileanna a fheidhmíonn trí Ghaeilge (Blain an Chaighdeánaithe)
Triail Léitheoireachta Iar-Bhunscoile	Tá (2013 – páipéar & 2016 – ar líne)	Tá - TLGG (2015 – ar líne amháin)
Triail Mhatamaitice Iar-Bhunscoile	Tá (2013 – páipéar & 2016 – ar líne)	Níl
PPAD-E / MDLI-G Trialacha Measúnaithe & Diagnóiseacha Iar-Bhunscoile	Tá (2019 – páipéar amháin)	Níl
Triail Réasúnaíochta Dhroim Conrach	Tá (2016 – páipéar agus ar líne)	Níl